An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Treoir um Chigireacht Oideachais Luathbhlianta (COL)

An Chigireacht
Uasdátaithe Bealtaine 2026

Buíochas

Ba mhaith leis an gCigireacht buíochas a ghabháil, le foireann agus le leanaí, le tuismitheoirí agus le teaghlaigh Luathbhlianta Charraig Bhriste & Chill Éigne i Loch Garman as cead a thabhairt grianghraif a tógadh ina suíomh féin a úsáid chun an Treoir seo a léiriú.

Clár

1. Réamhrá 4
1.1 Cigireachtaí agus an treoir seo 5

2. Cad chuige a cheaptar COL? 7
2.1 Cigireacht sheachtrach ar shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige 10
2.2 Príomhphrionsabail a bhíonn mar bhonn eolais do chigireachtaí 13

3. Conas a dhéantar na cigireachtaí 16
3.1 Roimh an gcuairt chigireachta 17
3.2 Le linn na cuairte cigireachta 18
3.3 I ndiaidh na cuairte cigireachta 22

4. Gníomhú de réir na tuarascála cigireachta 24

5. An Creat Cáilíochta Cigireachta don Oideachas Luathbhlianta 26

6. An Contanam Cáilíochta 30

7. Athbhreithniú ar Chigireachtaí 32

8. Foilsiú agus leasú na treorach seo 34

9. Aguisíní 36
Aguisín 1: Creat Cáilíochta um Chigireacht Oideachais Luathbhlianta - Comharthaí Cleachtais 37
Aguisín 2: Samhail na Cigireachta Leantaí 48
Aguisín 3: Foirm Teagmhála Suímh 50
Aguisín 4: Foirm Faisnéise Suímh 51
Aguisín 5: Treoir céim ar chéim d'fhoilsiú na dtuarascálacha cigireachta 58

1

Réamhrá

1.1 Cigireachtaí agus an treoir seo

Oibríonn Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige (ROÓ) d'fhonn cáilíocht na foghlama a fheabhsú ar mhaithe le leanaí agus daoine óga i scoileanna, lárionaid oideachais agus suíomhanna d'fhoghlaim agus cúram na luath-óige in Éirinn a chuireann cúram agus oideachas luath-óige arna mhaoiniú ag an stát ar fáil do leanaí ó bhreith go dtí go gcláraíonn siad sa bhunscoil agus i oideachais eile. Ceaptar na cigireachtaí chun meastóireacht a dhéanamh ar phríomhghnéithe den soláthar oideachais agus feabhsúchán a chothú sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige ar a ndéantar athbhreithniú. Tá Cigireacht ROÓ freagrach freisin as comhairle a sholáthar don chóras oideachais, don Aire agus do lucht déanta polasaithe.

Déantar cigireacht oideachas luathbhlianta (COL) i gcomhréir le halt 13(3) (b) den Acht Oideachais 1998[1] agus tacaítear le meastóireacht a dhéanamh ar oideolaíocht fhoghlaim agus chúram na luath-óige i réimse leathan de shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige. I gcomhréir le Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC), an tAire Oideachais agus Óige agus Cigireacht ROÓ, déantar COL i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus cúraim arna maoiniú ag RLMC chun seirbhísí a sholáthar do leanaí ó bhreith go sé bliana lena n-áirítear an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCL) agus an clár uilíoch saor in aisce um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (COLÓ)

Leagtar amach sa treoir seo an chaoi a dhéanann Cigireacht ROÓ cigireachtaí oideachas luathbhlianta agus beidh feidhm léi ón mbliain 2022. Tagann sí in ionad *Treoir don Chigireacht Oideachais Luathbhlianta* (COL) (2018), a foilsíodh roimhe seo. Is é an t-athrú is suntasaí ar an Treoir maidir le COL roimhe seo ná síneadh a chur le sainchúram Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na n-eispéireas oideachais i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige (FCLÓ) arna maoiniú ag RLMC do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois a mheas. Tá an síneadh seo ag tógáil ag thiomantas in *An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh.*[2] Leis an gCreat Cáilíochta atá mar bhonn leis an tsamhail COL seo tógtar ar chreata cáilíochta COL roimhe seo (2016, 2018) agus mar bhuntaca leis na réimsí sin tá na ceithre phríomhtheachtaireacht seo a leanas:

- An leanbh mar chroí an chleachtais
- An leanbh mar fhoghlaimeoir gníomhach
- Naisc láidre a chothú chun tacú le foghlaim leanaí.
- An dúshraith a leagan síos d'fhoghlaim leanaí

Rinneadh í a fhorbairt bunaithe ar thaithí Chigireacht ROÓ ar chigireacht a dhéanamh ar réamhscoileanna ó Aibreán 2016 i leith, agus i ndiaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe a bhíonn i mbun oideachas luathbhlianta ardcháilíochta a fhorbairt agus a sholáthar in Éirinn. Feidhmíonn an tsamhail chigireachta COL cúram lae iomlán de réir an Chóid Chleachtais do Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige 2022.[3]

1 An tAcht Oideachais 1998
2 An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Leanaí, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028
3 An Roinn Oideachais, Cód Cleachtais do Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige 2022

Téarmaíocht

Sonraítear sa treoir seo cigireacht oideachais na luathbhlianta sa raon éagsúil suíomhanna d'fhoghlaim agus cúram na luath-óige atá maoinithe ag an Stát in Éirinn. Chun freastal ar éagsúlacht na socruithe foirne agus rialála ar fud na suíomhanna seo, úsáidfear na téarmaí ginearálta bainisteoirí/príomhoideoirí agus oideoirí luathbhlianta nuair atá tagairt á dhéanamh do na haosaigh ghairmiúla atá ag gabháil do sholáthar agus do chleachtadh fhoghlaim agus chúram na luath-óige sna suíomhanna seo.

Baineann an treoir seo le soláthar agus cleachtas do gach leanbh, lapadán agus leanbh óg a fhreastalaíonn ar shuíomhanna foghlama agus cúraim luath-óige. Cé go ndéanann COL measúnú ar cháilíocht an tsoláthair agus an chleachtais ar fud na suíomhanna agus na comhthéacsanna éagsúla ar a bhfreastalaíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ag gach aois sa raon luath-óige ó bhreith go sé bliana d'aois, glacfaidh an Treoir seo an téarmaíocht chéanna agus atá in '*An Chéad 5*', is é sin 'páistí agus leanaí óga' 'gach leanbh' agus leanaí i dteanga an Chreata Cáilíochta. Déantar é seo go príomha chun tacú le líofacht agus inléiteacht an doiciméid.

2

Cad chuige a cheaptar COL?

Leis an gCigireacht ar Oideachas sna Luathbhlianta (COL) déantar meastóireacht ar nádúr, ar raon agus ar oiriúnacht na n-eispéireas luathfhoghlama ag páistí agus leanaí óga i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige státmhaoinithe. Tá an tsamhail chigireachta COL bunaithe ar chreat cáilíochta atá tógtha ar phrionsabail *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*[4], agus *Síolta: an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige*[5] chomh maith le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann leis fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus cigireacht.

Ar na prionsabail atá mar bhunthaca leis an gcreat cáilíochta tá siad seo a leanas:

- Tréimhse shuntasach dá cuid féin is ea an luath-óige ar chóir í a chothú, meas a léiriú uirthi, luach a chur uirthi agus tacú léi aisti féin
- Cuireann taithí oideachais ardcháilíochta sa luath-óige go suntasach le rath foghlama ar feadh an tsaoil
- Tá cúram agus oideachas fite fuaite le saol na bpáistí agus na leanaí óga agus éilíonn siad oideolaíocht choibhneasta a chur i bhfeidhm a ghlacann cur chuige iomlánaíoch maidir le soláthar na n-eispéireas luathfhoghlama ar ardchaighdeán.
- Ba chóir tacú le folláine agus le forbairt oideachas iomlánaíoch na leanaí uile sna luathbhlianta de réir a gcuid riachtanas
- Tá ról lárnach ag an oideoir i suíomhanna na luathbhlianta
- Ba chóir go mbeadh páistí agus leanaí óga ina ngníomhairí gníomhacha ina gcuid foghlama agus forbartha agus go gcuirfí ar a gcumas a n-acmhainneacht a fhorbairt agus a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí inniúla, muiníneacha, trí idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin lena dtimpeallacht agus le hoideoirí luathbhlianta
- Tá láidreachtaí, riachtanais, tuairimí, suimeanna agus folláine leanaí mar chuid lárnach den fhoghlaim agus chúram na luath-óige a chuirtear ar fáil dóibh
- Tá an súgradh lárnach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí agus leanaí óga
- Tá cnuasach eispéireas dá gcuid féin agus scéal uathúil beatha ag na leanaí uile. Aithnítear aitheantas an linbh mar dhuine aonair agus mar bhall de theaghlach agus de phobal níos leithne
- Aithnítear ról na dtuismitheoirí mar bhunoideoirí leanaí agus tacaítear leis sin.

Cuireann COL gnéithe comhthéacsúla a bhaineann leis an suíomh d'fhoghlaim agus cúram na luath-óige san áireamh, lena n-áirítear méid, fealsúnacht, foireann, rialachas agus imthosca socheacnamaíocha.

Tá COL bunaithe ar chur chuige dearaidh uilíoch i leith soláthar agus cleachtas fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Ciallaíonn sé seo gur chóir freastal ar gach leanbh atá i láthair sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige chun leas a bhaint as gach gníomhaíocht, timpeallacht, clár agus oideolaíocht ar bhealach atá ómósach agus in oiriúint dá leasanna, riachtanais, láidreachtaí, cúlraí cultúrtha agus aois agus céim na foghlama agus na forbartha aonair.

---

4 An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2024) *Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige*. CNCM, Baile Átha Cliath
5 An Roinn Oideachais agus Scileanna (2010) *Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige.*

Ceaptar an tsamhail COL chun:

- Béim a chur ar thábhacht fhoghlaim agus chúram na luath-óige d'ardchaighdeán chun na bunsraitheanna don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chothú agus chun cabhrú le páistí agus leanaí óga forbairt chun a lánacmhainneacht a bhaint amach anois agus amach anseo
- Cleachtas éifeachtach a aithint agus a dhearbhú chun tacú le luathfhoghlaim, forbairt agus folláine leanaí
- Tacú le forbairt leanúnach na cáilíochta i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige trí thacaíocht agus comhairle a sholáthar d'oideoirí luathbhlianta faoin tslí inar féidir eispéiris foghlama leanaí agus a ngnóthachtálacha a shaibhriú agus a fheabhsú
- Cur le bearta náisiúnta eile a thacaíonn le feabhas leanúnach ar cháilíocht sholáthar agus cleachtas fhoghlaim agus chúram na luath-óige, mar shampla, acmhainní meantóireachta agus oiliúna chun tacú le suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige a chuireann *Better Start* agus an *Treoirchleachtas Aistear/Síolta*[6] ar fáil
- Tacú le próisis athbhreithnithe inmheánacha i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige
- Dearbhú cáilíochta a thabhairt ar sholáthar uile fhoghlaim agus chúram na luath-óige státmhaoinithe bunaithe in ionaid atá á fháil ag leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois
- Eolas a sholáthar don phobal, ar a n-áirítear tuismitheoirí ar cháilíocht an luathoideachais i soláthar fhoghlaim agus chúram na luath-óige státmhaoinithe trí Thuarascálacha Cigireachta Oideachais Luathbhlianta a fhoilsiú.

[6] 2024 An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) Síolta Treoir Chleachtais Aistear

2.1 Cigireacht sheachtrach ar shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige

Le cigireachtaí seachtracha cuirtear feabhsúchán agus athrú le heispéiris luathfhoghlama i suíomhanna. Soláthraíonn cigireachtaí dearcadh seachtrach ar an obair a dhéanann na bainisteoirí, príomhoideoirí, oideoirí luathbhlianta agus baill foirne eile sa suíomh agus déanann siad comhlánú, dúshlán agus bailíochtú ar na próisis mheastóireachta inmheánacha. Soláthraítear le tuarascálacha cigireachta breithiúnais fhianaisebhunaithe ar cháilíocht an tsoláthair luathoideachais agus dearbhaítear iontu na gnéithe den chleachtas atá ag feidhmiú go maith. Bíonn torthaí na cigireachta mar bhonn eolais freisin do bhreithmheasanna na foirne faoi na láidreachtaí agus na tosaíochtaí don fheabhsúchán ar sholáthar agus oideolaíocht araon sa suíomh. Tugtar treoir thábhachtach don fhoireann ghairmiúil sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige sna gníomhartha a mholann na cigirí i dtuarascálacha scríofa cigireachta chun cuidiú le forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach na bpleananna maidir le feabhsú cáilíochta.

Díríonn na samhlacha cigireachta uile atá forbartha ag Cigireacht ROÓ ar cháilíocht na hoideolaíochta, ar dheiseanna foghlama agus ar eispéiris agus gnóthachtáil oideachais leanaí agus daoine óga. Tugtar aird ar an raon leathan d'eispéiris foghlaimeoirí sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige ar an tuiscint go bhfuil dlúthnasc idir cúram agus oideachas agus go bhfuil an fholláine bunúsach don fhoghlaim is fearr. D'fhéadfadh COL díriú freisin ar cháilíocht na tacaíochta do pháistí agus leanaí óga, ar cháilíocht na pleanála gnímh um fheabhsúchán agus ar cháilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta oideolaíochta, ar a n-áirítear an tslí ina mbíonn teagmháil ag an suíomh le tuismitheoirí agus le teaghlaigh.

Baintear úsáid as COL chun eolas meastóireachta, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le cáilíocht fhoghlaim agus chúram na luath-óige ó thaobh an ábhair a bhaineann leis na ceithre réimse seo a leanas den chleachtas:

- Cáilíocht an chomhthéacs chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí
- Cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí
- Cáilíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí, agus
- Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta don fhoghlaim.

Tá eolas breise ar gach ceann de na ceithre réimse cleachtais seo sa *Creat Cáilíochta don Oideachas Luathbhlianta* mar atá sonraithe ar leathanach 27 den Treoir seo.

Próiseas comhoibríoch is ea Cigireacht Oideachais Luathbhlianta lena mbaineann foireann na cigireachta agus an fhoireann sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige, ar a n-áirítear, mar shampla; an t-oideoir (na hoideoirí) luathbhlianta, úinéir(í)/bainistíocht agus príomhoideoirí agus/nó baill den bhord bainistíochta. I gcomhthéacs suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige (FCLÓ) atá maoinithe ag RLMC, déanann COL comhlánú freisin ar na próisis mhonatóireachta agus rialála atá ag gníomhaireachtaí eile, mar shampla Cigireacht TUSLA um Luathbhlianta[7]. D'fhéadfadh, in aon suíomh ar leith agus má bhíonn fáil orthu, go mbeadh eolas meastóireachta ábhartha ar an soláthar oideachais sa suíomh a bailíodh trí ghníomhaíocht chigireachta eile mar bhonn eolais don COL. Cuireann samhail COL san áireamh an dul chun cinn atá déanta ag an suíomh maidir leis na gníomhartha a moladh in aon tuarascáil chigireachta luathoideachais roimhe.

Tacaíonn cigireacht le rannpháirtíocht ghairmiúil idir na hoideoirí i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus an cigire. Bíonn formhór ama an chigire le linn na cigireachta tugtha don bhreathnóireacht dhíreach ar oideolaíocht agus ar eispéiris na leanaí sna comhthéacsanna foghlama/timpeallachtaí foghlama éagsúla a chuireann an suíomh ar fáil. Is é cuspóir na cigireachta ná cáilíocht an tsoláthair a mheas, obair na foirne gairmiúla a dhearbhú, caidreamh a dhéanamh le leanaí agus tacú leis an bhfeabhsú cáilíochta. Ba chóir go gcuirfeadh aischothú an chigire, bunaithe ar na gníomhaíochtaí meastóireachta le linn na cigireachta, leis an athmhachnamh gairmiúil agus le próisis inmheánacha meastóireachta agus athbhreithnithe agus go dtiocfadh feabhas i ndeireadh an lae ar na heispéiris agus na torthaí do gach leanbh sa suíomh.

Tacaíonn cigireacht le ról ceannaireachta cheannairí oideolaíochta agus bhainistíocht an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige trí dheiseanna a sholáthar le haghaidh comhphlé gairmiúil le cigirí ar ábhair a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le feabhsú leanúnach ar cháilíocht eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa suíomh.

[7] TUSLA Cigireacht Luathbhlianta (Réamhscoil)

Go hiondúil, foilsítear tuarascáil chigireachta mar thoradh ar COL. Is féidir leis an tuarascáil seo agus an t-aiseolas ó bhéal a thugtar ag deireadh na cigireachta tacú le baill foirne i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige láidreachtaí san oideolaíocht agus soláthar a aithint agus machnamh gairmiúil a éascú ar ghnéithe a dteastaíonn forbairt bhreise uathu.

Aithníonn Cigireacht ROÓ go bhfuil leanaí óga agus a dtuismitheoirí ina bpáirtithe leasmhara lárnacha i bpobal an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Chun tacú leis an seasamh seo, déanann na samhlacha cigireachta uile soláthar do léiriú ar ghuth agus taithí na bhfoghlaimeoirí i ngníomhaíochtaí meastóireachta. Éascaíonn Cigireacht ROÓ freisin le deis a bheith ag tuismitheoirí a ndearcthaí a thabhairt maidir le cáilíocht an tsoláthair d'oideachas a bpáistí trí raon gníomhaíochtaí cigireachta agus neamhchigireachta.

Samhlacha Cigireachta ar Oideachas Luathbhlianta

Tá trí shamhail shamhail cigireachta ar leith ag an gCigireacht faoi láthair chun tacú leis an meastóireacht ar fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Is iad seo na samhlacha Cigireacht Oideachais Luath-óige (COL) nó Cigireacht Leantach. Cuireann an tsamhail CL ar chumas cigire meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid a chuir suíomhanna i bhfeidhm na gníomhartha a moladh i dtuarascálacha cigireachta oideachais luathbhlianta roimhe seo.

Cuireann cur i bhfeidhm gach samhail chigireachta comhthéacs ar leith an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige san áireamh. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag fachtóirí ar nós méid, suíomh, fealsúnacht nó curaclam, fachtóirí socheacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar dhaonra na bhfoghlaimeoirí agus a bpobal, riachtanais speisialta oideachais leanaí agus an tacaíocht a theastaíonn uathu, ar sholáthar agus oideolaíocht an tsuímh. Aithníonn cigirí go n-oibríonn suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige laistigh de chomhthéacs an-sonrach agus cuireann siad na fachtóirí seo san áireamh le linn meastóireachtaí.

2.2 Príomhphrionsabail a bhíonn mar bhonn eolais do chigireachtaí

Tá Cigireacht ROÓ dírithe ar a chinntiú go bhfaigheann na foghlaimeoirí i raon leathan suíomhanna oideachais an t-oideachas is fearr agus is féidir i bhfianaise a bpoitéinseal agus a gcuid riachtanas foghlama. Le cigireacht, féachtar le hardchaighdeáin a chur chun cinn san oideolaíocht agus i dtorthaí foghlama agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí agus iarracht a dhéanamh cur ar chumas na n-eagraíochtaí foghlama sin feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais agus an chúraim a chuireann siad ar fáil.

Tá ceithre phríomhphrionsabal mar bhunsraith le hobair Chigireacht ROÓ:

- Fócas ar fhoghlaimeoirí
- Forbairt agus feabhsú
- Rannpháirtíocht mheasúil, agus
- Freagracht agus cuntasacht

Soláthraíonn na ceithre phríomhphrionsabal, a bhfuil cur síos mionsonraithe orthu sa Chód Cleachtais do Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige,[8] na caighdeáin atá mar bhonn agus a thugann treoir do gach gné d'obair chigireachta. Rialaíonn na prionsabail seo an raon iomlán d'obair mheastóireachta agus chomhairleach na gcigirí i ngach suíomh, lena n-áirítear suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige, scoileanna, ionaid oideachais agus raon suíomhanna eile. Tugann cigirí aird chuí freisin ar an reachtaíocht um chosaint sonraí agus iad i mbun obair chigireachta oideachais sna luathbhlianta.

Tá Cigireacht ROÓ tiomanta do thabhairt faoi chigireachtaí ar bhealach a chuireann fíordheiseanna ar fáil chun dea-chleachtas a dhearbhú agus chun comhairle phraiticiúil a chur ar fáil d'oideoirí luathbhlianta, do phríomhoideoirí agus don bhainistíocht lena n-áirítear, más ábhartha, boird bhainistíochta agus é mar aidhm, sa deireadh thiar thall, feabhas a chur ar na heispéiris agus na torthaí foghlama do gach leanbh.

[8] An Roinn Oideachais (2022): Cód Cleachtas do Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige.

Ciallaíonn sé seo:

1. Go bhfuilimid oscailte agus trédhearcach faoin mbealach a bhailímid agus a chuirimid fianaise le chéile dár gcuid breithiúnas meastóireachta:

- Cloímid lenár dtreoirlínte foilsithe mar a bhaineann siad le gníomhaíocht chigireachta
- Cuirimid critéir mheastóireachta i bhfeidhm go comhsheasmhach, ag tagairt don *Creat Cáilíochta um Chigireachtaí Oideachas Luathbhlianta* (2022) (Féach leathanach 26 agus Aguisín 1).

---

2. Tá ár gcuid breithiúnas meastóireachta bunaithe ar bhailiúchán de shonraí oibiachtúla, iontaofa agus ardchaighdeáin, agus comhthéacs an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige curtha san áireamh:

- Mar chuid dár mbailiú fianaise, bímid ag plé le leanaí, oideoirí luathbhlianta, príomhoideoirí agus bainistíocht agus buailimid le baill foirne ábhartha eile agus boird bhainistíochta de réir mar is féidir agus mar is cuí
- Úsáidimid an fhianaise a bhailímid chun tacú lenár gcinntí agus leis na gníomhaíochtaí a mholtar ar bhealach atá cothrom do chách lena mbaineann
- Bímid ag brath ar réimse fianaise ó fhoinsí éagsúla
- Stiúraimid cruinnithe aiseolais iarchigireachta chun na cinntí a shoiléiriú, a chur in iúl agus a dhearbhú
- Cuirimid deiseanna ar fáil don fhoireann sna suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige chun dul i mbun comhphlé gairmiúil linn le linn ár ngníomhaíochtaí cigireachta
- Tugaimid deis d'fhoireann an tsuímh freagairt do phríomhchinntí ábhartha na cigireachta trí fhreagairt suímh a fhoilsiú nuair a chuirtear a leithéid ar fáil.

---

3. Bíonn meas againn ar cheart chun príobháideachais an duine aonair, chomh maith agus is féidir, agus bímid comhsheasmhach lenár ndualgas tuairisciú ar cháilíocht agus ar chaighdeáin

- Bíonn tuiscint againn do na daoine aonair a mbímid ag plé leo agus táimid tiomanta don chúirtéis, mheas agus chothromaíocht i ngach caidreamh le daoine aonair agus grúpaí
- Déantar gach iarracht na dea-chaidrimh a bhíonn ann a chaomhnú eatarthu siúd a bhaineann le bainistíocht agus ceannaireacht na suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige, an fhoireann, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí.
- I gcásanna áirithe, is féidir go dtabharfar eolas eile dúinn ar bhealach a mbeadh an duine a thugann an t-eolas ag súil go réasúnach gur faoi rún a tugadh an t-eolas. Cé go mbeidh meas againn ar eolas a thugtar faoi rún, ní féidir linn dearbhrúndacht an eolais a thugtar a ráthú, ná neamhainmníocht an duine nó na ndaoine aonair a thugann an t-eolas. Déanfaimid iarracht neamhainmníocht daoine a chaomhnú, áfach, ag tabhairt aird chuí d'fhorálacha reachtúla, má chreidimid go gcreideann an té a thug an t-eolas go raibh sé/sí á thabhairt faoi rún agus, dá scaoilfí an t-eolas do dhaoine eile, go gcuirfí fáil ar eolas dá leithéid sa todhchaí i mbaol.

4. Tuairiscímid go hoibiachtúil agus go cóir ar chaighdeán an tsoláthair oideachais agus cúraim

- Leagaimid amach príomhchinntí agus gníomhartha a mholtar a eascraíonn ón gcigireacht go soiléir agus go cinnte chun cur le spreagadh agus cumas foriomlán phobal an oideachais le spriocanna a bhaint amach agus torthaí a fheabhsú do na foghlaimeoirí
- Cothaímid tuairisciú cothrom agus tomhaiste, go háirithe nuair a bhíonn easaontacht sa bhfianaise a chuirtear i láthair
- Déanaimid obair éifeachtach, dul chun cinn agus gnóthachtáil a aithint agus a dhearbhú
- Cuirimid comhairle ar fáil ar bhealach tacúil agus cabhrach agus cuirfimid gníomhartha i láthair, atá ceaptha le tacú le suíomhanna luathbhlianta agus cúraim dul i ngleic lenár gCreat Cáilíochta. Ar an mbealach seo, cuirimid ar chumas phríomhoideoirí agus oideoirí luathbhlianta a spriocanna féin do sholáthar agus cleachtas ar ardcháilíocht a leagan amach agus a bhaint amach.
- Cuirimid eolas inrochtana ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal faoi cháilíocht oibre an tsuímh luathbhlianta agus cúraim agus cuirimid dearbhú cáilíochta ar fáil don phobal freisin.

3

Conas a dhéantar na cigireachtaí

Tá an próiseas chun cigireacht oideachas luathbhlianta a dhéanamh roinnte ina thrí chéim.

Tá gach ceann de na céimeanna seo leagtha amach sna ranna thíos.

3.1 Roimh an gcuairt chigireachta

Sceidealú cigireachtaí

Sula ndéantar COL a sceidealú i suíomh (FCLÓ), téann Cigireacht ROÓ i dteagmháil le Cigireacht Luathbhlianta TUSLA chun a chinntiú, chomh fada agus is féidir, nach mbeidh cigireachtaí ag trasnú ar a chéile nó nach dtarlaíonn an sceidealú ar chineálacha éagsúla cigireachta laistigh de thréimhse ama ró-ghearr.

Fógra

I bhformhór na gcásanna, gheobhaidh suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige réamhfhógra ar COL. De ghnáth, tabharfar fógra dhá lá oibre ar a laghad. Tugann cigire a bheidh i mbun na cigireachta (an cigire tuairiscithe) an fógra faoin COL don duine teagmhála ainmnithe[9] sa suíomh. Déantar é sin ar an nguthán agus/nó ar ríomhphost, de ghnáth.

Nuair a bhíonn fógra oifigiúil ar chigireacht á sholáthar, déanann an cigire tuairiscithe cur síos ar fhormáid agus struchtúr na cigireachta, pléann sé/sí na socruithe do chruinnithe ar bith atá le tionól leis an bhfoireann bainistíochta agus ceannairí oideolaíochta agus/nó oideoir(í) luathbhlianta roimh an gcigireacht, le linn na cigireachta, nó i ndiaidh na cigireachta. Déanann an cigire aon cheisteanna ar leith a shoiléiriú, lena n-áirítear, mar shampla, eolas faoi ghnáthaimh an lae sa suíomh. Bíonn an cigire tuairiscithe freagrach san iomlán as an COL ar a n-áirítear na róil foirne a dháileadh, na socruithe do chruinnithe agus an tuarascáil dheiridh ar an gcigireacht a thiomsú.

Coimeádann Cigireacht ROÓ an ceart cigireachtaí oideachais luathbhlianta a dhéanamh gan réamhfhógra, i gcodán áirithe cásanna, nó má shíleann an Chigireacht gur gá cigireacht gan réamhfhógra a dhéanamh.

Doiciméid

Díríonn an chigireacht sheachtrach go príomha ar obair an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige agus ar na hidirghníomhaíochtaí agus na próisis a tharlaíonn i rith an ghnáthlae sa suíomh. Tá béim theoranta ar dhoiciméadú. Ciallaíonn sé seo gur féidir le cigirí a iarraidh go bhfeicfidh agus go scrúdóidh siad doiciméid, ar féidir a bheith ag súil le réasún go mbeidh siad ar fáil sa suíomh chun tacú le gnáthoibriú an tsuímh agus le seachadadh an chláir foghlama agus cúraim. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo lámhleabhar na dtuismitheoirí nó faisnéis eile do thuismitheoirí, ráiteas curaclaim, doiciméid phleanála cláir, pleananna d'athbhreithniú inmheánach agus pleananna gníomhaíochta cáilíochta, taifid ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtálacha páistí agus leanaí óga agus breac-chuntais ar an ngnáthamh laethúil do gach seomra.

Ag brath ar mhéid agus ar scála an tsoláthair sa suíomh, iarrfaidh an cigire ar an bhfoireann agus ar an mbainistíocht sa suíomh Foirm Teagmhála Suímh (féach Aguisín 4) agus Foirm Faisnéise Suímh (féach Aguisín 4) a líonadh isteach roimh thús na cigireachta. Cabhróidh an t-eolas a chuirtear ar fáil san fhoirm seo le pleanáil agus eagrú na gníomhaíochta cigireachta sa suíomh.

9 Ainmneofar an duine teagmhála ainmnithe nuair a dhéanfaidh na cigirí an chéad teagmháil leis an suíomh. Ba cheart don suíomh é seo a dheimhniú ansin ar an bhFoirm Teagmhála Suímh.

Cruinnithe

Gné lárnach sa phróiseas COL is ea an rannpháirtíocht idir an cigire agus an fhoireann agus bainistíocht/ceannaireacht an tsuímh. Go hiondúil tionóltar cruinniú réamhchigireachta duine-le-duine ach is féidir é a eagrú go cianda ar an teileafón nó trí úsáid a bhaint as áiseanna cruinnithe ar líne leis an mbainistíocht agus le ceannaire/ceannairí oideolaíochta an tsuímh sula gcuirfear tús leis an gcigireacht. Socraíonn an cigire tuairiscithe freisin, i gcomhairle leis an mbainistíocht agus le ceannaire/ceannairí oideolaíochta, cruinnithe a thionól le hionadaithe an bhoird bhainistíochta nó an choiste bainistíochta, nuair is ábhartha, agus leis an bhfoireann sa suíomh. Go ginearálta is cuid de na próisis mheastóireachta agus bailithe fianaise iad na cruinnithe seo. Eagraítear cruinniú iar-chigireachta freisin ina roinntear agus ina bpléitear tátail na cigireachta. Féadfar an cruinniú seo a thionól go pearsanta nó go cianda freisin.

3.2 Le linn na cuairte cigireachta

Cuireann cigire amháin nó níos mó an chuairt chigireachta i gcrích. Braitheann fad ama na cigireachta agus na gníomhaíochtaí a tharlaíonn le linn na meastóireachta ar an gcineál cigireachta a bhíonn i gceist (pé acu COL nó Cigireacht Leantach) agus ar mhéid an tsuímh. Go hiondúil, cuirtear idir lá amháin agus trí lá ar leataobh do na príomhghníomhaíochtaí cigireachta sa suíomh, ag brath ar líon na dtimpeallachtaí foghlama sa suíomh. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí cigireachta breathnóireacht ar chleachtas, cruinnithe leis an bhfoireann bainistíochta, leis an bpríomhoideoir (na príomhoideoirí), le hoideoirí luathbhlianta agus leis an bhfoireann, athbhreithniú ar dhociméid agus soláthar d'aischothú.

Bunaithe ar an eolas a chuireann an suíomh ar fáil, déanfaidh an cigire tuairiscithe na gníomhaíochtaí cigireachta a phleanáil i gcomhairle le bainistíocht agus oideoirí luathbhlianta ionas go gcuirtear as a laghad agus is féidir do ghnáthobair an tsuímh.

Cruinniú Réamhchigireachta

Go hiondúil, is cruinnithe ar an láthair iad na cruinnithe réamhchigireachta agus iarchigireachta. I roinnt cásanna, áfach, féadfar na cruinnithe seo a reáchtáil go cianda ar an teileafón nó ar ardán ar líne.

Nuair a thagann an cigire (na cigirí), taispeánfar aitheantas oifigiúil don bhainistíocht agus oideoirí luathbhlianta sa suíomh. Beidh cruinniú gairid ag an gcigire (na cigirí) chun:

- Cur síos a dhéanamh ar na próisis chigireachta
- Sceideal na gcuairteanna chuig na timpeallachtaí foghlama éagsúla a aontú mar aon leis na hamanna do na cigirí chun cruinnithe a reáchtáil agus torthaí cigireachta a chur le chéile
- Aon ghnéithe praiticiúla a d'fhéadfadh cur as don chigireacht a phlé
- Socruithe a dheimhniú don chruinniú iarchigireachta leis an mbainistíocht agus oideoirí luathbhlianta i ndiaidh na cigireachta
- Doiciméid phleanála, gnáthamh an lae agus taifid ar ghnóthachtáil foghlama na leanaí atá ar fáil a iarradh chun iad a athbhreithniú le linn na cigireachta
- Fianaise a bhailiú maidir le bainistíocht agus ceannaireacht chun foghlama sa suíomh
- Cleachtais meastóireachta inmheánaí agus tosaíochtaí d'fheabhsú an tsuímh a phlé

Cé go ndéanann an fhoireann cigireachta gach iarracht feidhmiú laistigh den fhráma ama aontaithe don COL, d'fhéadfadh cúinsí nach mbeadh súil leo tarlú in amanna a chuirfeadh síneadh nó athrú ar an bhfráma ama seo. Déanfar aon athruithe a phlé roimh ré leis an mbainistíocht agus oideoirí luathbhlianta, más féidir.

Cuairteanna ar thimpeallachtaí foghlama

Is í príomhghníomhaíocht na cigireachta ná breathnóireacht a dhéanamh ar na próisis agus na cleachtais a bhaineann le foghlaim páistí agus leanaí óga i dtimpeallacht foghlama amháin nó níos mó, laistigh agus lasmuigh, sa suíomh. Is é/í an cigire tuairiscithe a shocraíonn sceidealú na gcuairteanna cigireachta agus cuirfidh sé/sí in iúl don bhainistíocht agus oideoir(í) luathbhlianta cén timpeallacht (timpeallachtaí) foghlama a dtabharfar cuairt orthu le linn na cigireachta.

Tuigeann cigirí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag láithreacht duine fásta eile ar pháistí agus leanaí, go háirithe agus iad ag breathnóireacht ar ghnáthaimh cúraim. Uaireanta, féadfaidh an cigire imeacht ón timpeallacht foghlama agus filleadh níos déanaí chun a b(h)reathnóireachtaí a chríochnú.

De ghnáth, tarlaíonn cuairt chigireachta le linn gnáthuaireanta oibre an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige. D'fhéadfadh faid éagsúla ama a bheith i gceist leis na cuairteanna chuig timpeallachtaí foghlama aonair sa suíomh, ag brath ar nádúr na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar bun. Tugann samhail COL an deis raon fianaise a bhailiú a bhaineann le ceannaireacht chun foghlama agus cáilíocht na dtorthaí foghlama do pháistí agus leanaí. Cuidíonn sé seo le triantánú na fianaise d'fhonn teacht ar thorthaí a bhíonn beacht agus téagar agus ar chonclúidí a chuidíonn leis an bhfeabhsúchán.

Mar ghnáthnós beidh a leithéid seo san áireamh i gcuairt:

- Athbhreithniú ar thimpeallachtaí foghlama (laistigh agus lasmuigh)
- Breathnú ar chleachtas i dtimpeallachtaí foghlama
- Idirghníomhú le leanaí, bainistíocht, ceannairí, oideoirí agus baill foirne eile
- Athbhreithniú agus plé ar na doiciméid atá ar fáil.

Is féidir breathnóireacht a dhéanamh ar oideolaíocht agus ar chleachtas a thacaíonn le luathfhoghlaim leanaí sa suíomh foghlama thar thréimhse na meastóireachta. D'fhéadfadh go mbeadh obair bhaill foirne sealadacha agus obair na foirne tacaíochta atá ag obair sa suíomh ag am na cigireachta san áireamh. I suíomhanna níos mó, d'fhéadfadh go mbeadh cuairteanna cigireachta chuig sampla de thimpeallachtaí foghlama i gceist. D'fhéadfadh go gclúdódh sé freisin an obair a dhéanann pearsanra seachtracha atá fostaithe ag an suíomh chun teagasc nó tacaíocht bhreise a sholáthar do leanaí mar ghné rialta den chlár foghlama. Déanann an cigire, agus é/í ag baint úsáid as Creat Cáilíochta COL, breithmheas ar an ullmhúchán don chlár foghlama a bhíonn á sholáthar sa suíomh, ar éifeachtacht na gcuir chuige teagaisc a bhíonn in úsáid, ar na hidirghníomhaíochtaí agus ar an atmaisféar agus conas a thacaítear le foghlaim, folláine agus forbairt páistí agus leanaí óga le linn a gcuid ama sa suíomh.

Déanann an cigire meastóireacht ar a mhéid a dhéantar eolas, scileanna agus meonta páistí agus leanaí a thacú agus a fhorbairt agus a mhéid agus a bhíonn siad gafa go cuí ina bhfoghlaim. Déantar athbhreithniú freisin ar chleachtais phleanála agus mheasúnaithe agus ar an dul chun cinn atá déanta ag leanaí. D'fhéadfadh an cigire (na cigirí) idirghníomhú leis na foghlaimeoirí freisin agus breathnú ar shamplaí dá gcuid oibre.

I ndiaidh cuairte ar shuíomh foghlama, tabharfaidh an cigire aiseolas don oideoir (na hoideoirí) luathbhlianta agus don bhainistíocht. D'fhéadfadh go ndéanfaí an t-aiseolas a sholáthar díreach i ndiaidh na breathnóireachta, nó ag am a aontaíonn an cigire agus an t-oideoir (na hoideoirí) luathbhlianta/bainistíocht. Déantar an dea-chleachtas a chonacthas a aithint agus a dheimhniú agus cuirtear comhairle ar fáil, más cuí, maidir leis an tslí ar féidir feabhas nó forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar.

Cruinnithe ar an láthair

Le linn COL, d'fhéadfadh go mbeadh gá cruinniú breise a thionól chun fianaise a bhailiú mar bhonn eolais d'ullmhúchán na dréacht-tuarascála don suíomh. Déanfar sceidealú na gcruinnithe sin a phlé sula dtarlaíonn an chigireacht, más féidir. D'fhéadfadh go mbeadh gá, áfach, a leithéid de chruinniú a eagrú le linn na cigireachta. Má tharlaíonn go mbíonn níos mó ná cigire amháin páirteach san COL, déanfar cruinniú gairid a thionól idir na cigirí chun a chur ar a gcumas a gcinntí a roinnt lena chéile agus teacht ar bhreithmheas aontaithe ar gach ceann de na ceithre réimse atá luaite sa Chreat Cáilíochta.

Doiciméid

Bíonn COL dírithe go príomha ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí agus na bpróiseas a éascaíonn eispéiris foghlama na bpáistí agus na leanaí óga sa suíomh. Ní gá taifid nó doiciméid nua a chruthú nuair a fhaightear fógra faoi COL. Déanann cigirí athbhreithniú ar na doiciméid phleanála atá ar fáil, lena n-áirítear an gnáthamh laethúil a úsáideann oideoirí luathbhlianta chun tacú leis na gnáthchleachtais laethúla sa suíomh. Cuidíonn an t-eolas seo le cigirí meastóireacht a dhéanamh ar leithead, ar chothromaíocht agus ar chineál forbartha an churaclaim agus na n-eispéireas foghlama atá á soláthar do na páistí agus leanaí óga. Áireofar sna heispéiris foghlama seo eispéiris gach linbh sa suíomh lena n-áirítear gnáthaimh chúraim toisc, go háirithe do leanaí an-óg, gur comhthéacsanna tábhachtacha iad seo le haghaidh idirghníomhaíochtaí, foghlama agus forbartha. Déanann cigirí na taifid ar eispéiris foghlama agus ar ghnóthachtálacha leanaí atá ar fáil sa suíomh a athbhreithniú freisin, d'fhonn tuiscint a fháil ar dhul chun cinn foghlama na leanaí. Cuirtear deiseanna ar fáil don oideoir (do na hoideoirí) luathbhlianta chun na doiciméid ábhartha a phlé leis an gcigire (na cigirí).

Measóireacht ar chleachtas gairmiúil

Cé go bhfuil athbhreithniú ar chleachtas gairmiúil na n-oideoirí luathbhlianta agus ar cháilíocht an tsoláthair luathfhoghlama sa suíomh a rinneadh cigireacht air i gceist le COL, ní cigireacht inniúlachta gairmiúla é an próiseas cigireachta. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil imní tromchúiseach ar chigire faoi cháilíocht an tsoláthair i dtimpeallacht foghlama, roinnfear na hábhair imní sin leis an mbainistíocht agus na ceannairí agus leis an oideoir (na hoideoirí) luathbhlianta cuí mar chuid den aiseolas a sholáthraítear. Sa chás go mbaineann imní le bainistíocht agus/nó ceannaireacht sa suíomh, roinneann an cigire/na cigirí iad leis an duine/comhlacht atá ainmnithe ar an doiciméid chlárúcháin mar úinéir nó comhlacht freagrach. Má bhíonn imní thromchúiseach ag cigire faoi chur i bhfeidhm Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016[10] laistigh de shuíomh, cuirfear an cheist faoi bhráid Chigireacht Luathbhlianta Tusla, mar an rialtóir reachtúil don earnáil, agus ar aon dul le Polasaí Tusla i dtaca le hAiseolas agus Buarthaí.[11]

Cosaint Leanaí

Agus cigireachtaí oideachais luathbhlianta á ndéanamh, cloífidh Cigirí ROÓ freisin le Ráiteas na Roinne Oideachais agus Óige um Chosaint Leanaí a bhfuil a shonraí ar fáil le léamh ar líne.[12]

Má chuirtear easnaimh maidir le comhlíonadh le Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017[13] ag suíomh luathoideachais faoi bhráid cigire le linn cigireacht oideachais luathbhlianta, tabharfaidh an cigire, de mheon na treorach sin, foláireamh do bhainistíocht an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige faoi na heasnaimh a tugadh faoi deara agus tuairisceoidh siad an cheist do TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Sa chás go dtarraingítear aird an chigire/na gcigirí ar ábhar imní faoi chosaint leanaí le linn cigireacht oideachais i suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige, leanfaidh an cigire/na cigirí nósanna imeachta na Roinne maidir le tuairisciú ar chúrsaí cosanta leanaí. Tá an nós imeachta seo leagtha amach sna Nósanna Imeachta chun Freagra a Dhéanamh ar Imní maidir le Cosaint Leanaí arna dtarraingt ar Aire Foirne atá Fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (Nuashonraithe Bealtaine 2021).[14]

10 Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016
11 TUSLA Polasaí i dtaca le hAiseolas agus Buarthaí
12 An Roinn Oideachais (2021): Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus um Chosaint Leanaí
13 Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017)
14 An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017): Nósanna Imeachta chun Freagra a Dhéanamh ar Imní maidir le Cosaint Leanaí arna dtarraingt ar Aire Foirne atá Fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna

3.3 I ndiaidh na cuairte cigireachta

Cruinniú aiseolais iarchigireachta

Ag deireadh na cigireachta, cuirfidh an cigire/na cigirí dréacht-chinntí na cigireachta in iúl do bhainistíocht agus do phríomhoideoir(í) an tsuímh agus, nuair is féidir, don oideoir(í) luathbhlianta sna timpeallachtaí foghlama a ndearnadh cigireacht orthu agus do bhaill den bhord bainistíochta nó den choiste. Is cuid thábhachtach den phróiseas iniúchta é aiseolas a sholáthar. Éascaíonn sé príomhdhréacht-chinntí na cigireachta a chur in iúl agus cuireann sé deiseanna breise ar fáil chun faisnéis ar bith a shoiléiriú agus chun plé a dhéanamh ar conas is féidir leis an suíomh forbairt trí na gníomhartha a mholtar san aiseolas ón gcigireacht a chur i bhfeidhm.

Le linn an chruinnithe seo, bíonn sé mar chuspóir ag an gcigire/na cigirí:

- Cleachtas éifeachtach a aithint agus a dhearbhú
- Meastóireacht a thabhairt ar an soláthar oideachais ag tagairt don chontanam cáilíochta (Roinn 6 - Tábla 1)[15]
- Réimsí don fhorbairt agus don fheabhsúchán a aithint agus comhairle a sholáthar, de réir mar a oireann, ar na gníomhaíochtaí ionas go dtarlóidh feabhas
- Deis a thabhairt don bhainistíocht agus príomhoideoirí agus oideoir(í) luathbhlianta eile atá i láthair na torthaí a phlé agus freagairt dóibh
- Cur síos ar an bpróiseas a tharlófar go foilsiú na tuarascála cigireachta.

An tuarascáil chigireachta

Cuirtear dréacht-tuarascáil chigireachta i gcrích nuair a bhíonn an cruinniú aiseolais thart. Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomhchinntí agus gníomhartha ag eascairt as an meastóireacht. Déantar í a phróiseáil trí ghnáthphróisis dhearbhaithe cáilíochta na Cigireachta agus cuirtear í amach chuig an suíomh le haghaidh dearbhú fíricí agus ina dhiaidh sin do fhreagairt an tsuímh mar atá leagtha síos sna Treoirlínte maidir le Tuarascálacha Cigireachta Scoileanna a Fhoilsiú (2015).

Nuair a eisítear an tuarascáil COL le haghaidh Dearbhú Fíricí (DF) bíonn deis ag an mbainistíocht agus príomhoideoir(í), oideoirí luathbhlianta agus cathaoirleach an bhoird bainistíochta, más cuí, aon earráidí fírice a shíleann siad atá sa dréacht-tuarascáil a chur faoi bhráid Chigireacht ROÓ. Ina dhiaidh sin déanann an cigire tuairiscithe aon leasaithe is gá leis an tuarascáil, agus eisítear í chuig an suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige do Fhreagairt an tSuímh (SR). Bíonn deis ag bainistíocht/foireann an tsuímh freagairt ar an tuarascáil a chur isteach i scríbhinn, ag tabhairt cur síos ar phleananna chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a mholtar sa tuarascáil. Déantar an tuarascáil dheiridh agus freagairt an tsuímh luathbhlianta a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin. Nasc le tuarascálacha COL.[16]

[15] An Roinn Oideachais (2015); Treoirlínte maidir le Tuarascálacha Cigireachta Scoileanna a Fhoilsiú
[16] Tuairiscí Cigireachta Oideachais na Luathbhlianta a fhoilsiú

Foilsiú na tuarascála cigireachta

Foilsítear an tuarascáil chríochnaithe agus freagra an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige ar leathanaigh na Roinne Oideachais agus Óige ar shuíomh gréasáin Rialtas na hÉireann www.gov.ie. Chun rochtain a fháil ar thuarascáil COL nó ar thuarascáil CL ar aon suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige cuir an nasc seo a leanas isteach i do bhrabhsálaí gréasáin.

(Féach Aguisín 5 le haghaidh treoir céim ar chéim ar phróiseáil Thuarascálacha COL lena bhfoilsiú.)

4

Gníomhú de réir na tuarascála cigireachta

Ba chóir do bhainistíocht, príomhoideoirí agus oideoirí luathbhlianta an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige, mar chuid dá gclár oibre d'fheabhsúchán leanúnach sa suíomh, na cinntí agus na gníomhartha atá molta sa tuarascáil COL a phlé (mar fhoireann) agus pleanáil a dhéanamh chun na gníomhartha sin a chur i bhfeidhm. Is féidir tuarascáil COL mar aon le cineálacha eolais eile atá bailithe ag an bhfoireann sa suíomh a úsáid freisin mar bhonn eolais do phróisis mheastóireachta agus athbhreithnithe inmheánacha sa suíomh agus don phleanáil le haghaidh feabhsúcháin agus forbartha.

Is ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht an tsuímh go príomha atá an fhreagracht as maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha agus na feabhsuithe atá molta i dtuarascáil COL. I gcásanna áirithe, b'fhéidir gur mhian leis an suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige rochtain a fháil ar an gcúnamh atá ar fáil ó sheirbhísí meantóireachta/tacaíochta agus ó fhoinsí eile comhairle agus iad ag pleanáil agus ag cur feabhsuithe i bhfeidhm. Féadfaidh an méid dul chun cinn atá déanta ar fhorfheidhmiú na ngníomhartha a mholtar i dtuarascáil COL a mheas ag dáta níos déanaí i gCigireachtaí Leantacha ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige (Féach Aguisín 2 le haghaidh tuilleadh sonraí).

5

An Creat Cáilíochta Cigireachta don Oideachas Luathbhlianta

Bíonn cigireacht luathbhlianta bunaithe ar chreat cáilíochta atá tógtha ar phrionsabail *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, agus *Síolta: an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* agus ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le luathfhoghlaim agus cúraim agus cigireacht. Clúdaítear leis an gCreat Cáilíochta príomhghnéithe an dea-chleachtais i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige agus déantar an soláthar a chatagóiriú faoi cheithre phríomhréimse:

Réimse 1

Cáilíocht an chomhthéacs chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí

Réimse 2

Cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus forbairt na leanaí

Réimse 3

Cáilíocht eispéiris foghlama ghnóthachtálacha leanaí

Réimse 4

Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta don fhoghlaim

I dTábla 1 thíos, aithnítear fiche príomhthoradh, faoi na ceithre phríomhréimse, áit a dhéantar cur síos ar ghnéithe den bharrchleachtas sa luathoideachas agus cúram.

Réimse	Toradh:
Réimse 1 – Cáilíocht an chomhthéacs chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí	1. Cothaítear le hatmaisféar agus le heagrú an tsuímh foghlaim agus forbairt na bpáistí agus na leanaí óga agus tacaítear le hionchuimsiú na leanaí go léir
	2. Tá na caidrimh gnaíúil, freagrúil, measúil agus deilíneach
	3. Cothaítear braistint aitheantais agus braistint muintearais na leanaí
Réimse 2 – Cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus forbairt na leanaí	4. Bíonn *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* mar bhonn eolais don soláthar
	5. Úsáidtear faisnéis faoi fhorbairt na leanaí chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim
	6. Tá an soláthar d'fhoghlaim agus d'fhorbairt aonair leanaí ailínithe go dlúth lena spéiseanna agus lena gcumas forbartha
	7. Éascaítear idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin le leanaí
	8. Tacaíonn an timpeallacht agus na hacmhainní le foghlaim agus le forbairt leanaí
	9. Bíonn an súgradh lárnach i bhfoghlaim agus i bhforbairt páistí agus leanaí óga
	10. Cothaítear scileanna éiritheacha sa teanga, sa litearthacht agus san uimhearthacht
	11. Foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht uileghabhálach
Réimse 3 – Cáilíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí	12. Léiríonn páistí agus leanaí óga rannpháirtíocht agus taitneamh ina bhfoghlaim agus tuiscint dhearfach ar a bhfolláine
	13. Éiríonn le leanaí taithí a fháil ar ghnóthachtáil agus bíonn siad ag forbairt mar thoradh ar a n-eispéiris foghlama
	14. Bíonn féiniúlacht agus muintearas mar aon le scileanna pearsanta agus sóisialta á bhforbairt ag leanaí chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt
	15. Cuireann leanaí a n-eispéiris, a smaointe, a dtuairimí agus a gcuid mothúchán in iúl do dhaoine eile ar bhealaí éagsúla
	16. Déanann leanaí ciall den domhan trí idirghabháil le daoine eile agus leis an dtimpeallacht trí shúgradh, fiosrú agus ceistiúchán
Réimse 4 – Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta don fhoghlaim	17. Bíonn *Síolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* mar bhonn eolais don phleanáil, don athbhreithniú agus don mheastóireacht
	18 Déanann bainistíocht sa suíomh eispéiris foghlama agus forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar do na leanaí uile
	19 Cothaítear bealaí cumarsáide sa dá threo idir an suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige, tuismitheoirí, teaghlaigh, páistí agus leanaí óga
	20 Déantar aistrithe chuig an suíomh, ón suíomh, agus laistigh den suíomh a bhainistiú go héifeachtach chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.

D'fhonn a chinntiú go mbeidh an trédhearcacht is fearr ann faoi fhócas na cigireachta d'oideoirí luathbhlianta, tá cur síos breise tugtha ar gach toradh trí úsáid a bhaint as roinnt comharthaí cleachtais (Aguisín 1). Níl na comharthaí cleachtais saintreorach ná uileghabhálach. Glactar leis go mbíonn cuir chuige éagsúla i measc oideoirí luathbhlianta agus soláthraithe suíomhanna; agus go bhfuil an fhoireann ag pointí éagsúla i bhforbairt a gcleachtais. Níltear ag súil go mbeidh gach sainchomhartha le feiceáil go soiléir in aon suíomh ar leith.

Bíonn cigirí i mbun comhphlé gairmiúil le hoideoirí luathbhlianta faoi rogha torthaí agus comharthaí eolais le linn na cuairte cigireachta. Bíonn breithiúnais na gcigirí faoi cháilíocht an tsoláthair i ngach ceann de na ceithre réimse bunaithe ar a mbreathnóireacht ar thimpeallachtaí agus eispéiris foghlama, ar rannpháirtíocht na bpáistí agus na leanaí óga; cleachtas oideolaíochta ag an oideoir (na hoideoirí) luathbhlianta agus na próisis cheannaireachta agus bhainistíochta ar lá na cigireachta.

6

An Contanam Cáilíochta

Agus anailís agus tuairisciú á dhéanamh acu ar a gcinntí maidir le gach ceann de na ceithre réimse leathan sa Chreat Cáilíochta, baineann cigirí úsáid as contanam cáilíochta ina bhfuil cúig bhanda cáilíochta mar a léirítear ag Tábla 2 thíos:

Tábla 2: An Cantanam Cáilíochta

Leibhéal	Cur síos	Samplaí de na téarmaí tuairisciúla
Ar fheabhas	**Is é atá i gceist le soláthar atá** ar fheabhas ná soláthar atá eiseamláireach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is eiseamláir de chaighdeáin rí-ard é do scoileanna agus do shuíomhanna eile.	Ar fheabhas; eiseamláireach; sármhaith; ar sárchaighdeán; láidreachtaí an-suntasach ag baint leis
An-mhaith	**Is é atá i gceist le soláthar an-mhaith** ná soláthar atá an-éifeachtach agus ar chaighdeán an-ard chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. D'fhéadfaí tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin chun caighdeán den scoth a bhaint amach.	An-mhaith; ar chaighdeán an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le hardmholadh; an-rathúil
Go maith	**Is é atá i gceist le soláthar atá go maith** ná soláthar atá éifeachtach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is gá tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe atá le forbairt agus caighdeán an-mhaith a bhaint amach.	Go maith; ar cháilíocht mhaith; cleachtas éifeachtach; fónta; inmholta; caighdeán maith; níos mó láidreachtaí ná laigí; soláthar cuí cé go bhfuil roinnt féidearthachtaí chun feabhais ann
Teastaíonn feabhas chun caighdeán maith a bhaint amach	**Níl an soláthar a éilíonn feabhas chun dea-chaighdeán a bhaint amach** sách éifeachtach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is gá aghaidh a thabhairt ar easnaimh áirithe gan mhoill chun a chinntiú go bhfuil an soláthar ar chaighdeán maith nó níos fearr.	Measartha; níos lú ná éifeachtach; níos lú ná sásúil; is léir go bhfuil laigí follasacha ag dul i bhfeidhm ar an bhfoghlaim; deacrachtaí ann; níos mó laigí ná láidreachtaí; ní mór réimsí sonraithe a fheabhsú; gníomhaíocht chun feabhais de dhíth
Teastaíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach	**Níl an soláthar a éilíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach** ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Tá gá láithreach le gníomhaíocht shuntasach chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí imní.	Lag; neamhéifeachtach; easnamhach; do-ghlactha; deacrachtaí suntasacha ann; easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndearnadh meastóireacht orthu; gá le hathrú, forbairt agus feabhsú suntasach chun a bheith éifeachtach

7

Athbhreithniú ar Chigireachtaí

Is féidir le hoideoir luathbhlianta nó bainisteoir agus ceannairí oideolaíochta ar shuíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige a mbíonn baint ag cigireacht leis/léi athbhreithniú ar chigireacht a éileamh de réir na nósanna imeachta mar atá in Nósanna Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta agus ar Mhúinteoirí faoi alt 13(9) den Acht Oideachais (1998) (Márta 2021).[17]

[17] An Roinn Oideachais (2015): Nósanna Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta agus ar Mhúinteoirí faoi alt 13(9) den Acht Oideachais (1998)

8

Foilsiú agus leasú na treorach seo

Ullmhaíodh an treoir seo tar éis dul i gcomhairle le príomhoideoirí, bainisteoirí, oideoirí luathbhlianta, lucht acadúil, tuismitheoirí, eagraíochtaí a sholáthraíonn tacaíocht do shuímh, agus geallsealbhóirí eile a bhfuil spéis acu sa foghlaim agus cúram luath-óige, de réir Alt 13(8) den Acht Oideachais, 1998.[18]

Tá an Chigireacht tiomanta do na bealaí ina ndéanann sí a cuid oibre meastóireachta agus comhairliúcháin sna suíomhanna luathbhlianta a fheabhsú agus déanfar forálacha na treorach seo a athbhreithniú ó am go ham.

[18] An tAcht Oideachais 1998

9

Aguisíní

Aguisín 1: Creat Cáilíochta um Chigireacht Oideachais Luathbhlianta - Comharthaí Cleachtais [19]

Réimse 1 - Cáilíocht an chomhthéacs chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
1. Cothaítear le hatmaisféar agus le heagrú an tsuímh foghlaim agus forbairt na leanaí agus tacaítear le hionchuimsiú na leanaí go léir	• Is léir éiteas comhbhách agus atmaisféar caoin, cothaitheach, dearfach • Tá cleachtais ann le tacú le leanaí naisc láidre mhothúchánacha agus caidrimh speisialta agus ceangail a dhéanamh leis na príomhoideoirí • Bíonn na hoideoirí eolach ar phearsantachtaí, meonta, riachtanais agus roghanna pearsanta na leanaí • Bíonn na cleachtais sa suíomh bunaithe ar idirghabháil mheasúil leis an leanbh agus lena t(h)eaghlach • Úsáidtear gach taithí, gnáthaimh chúraim san áireamh, chun tacú leis an bhfoghlaim agus chun oideolaíocht choibhneasta a chur i bhfeidhm • Úsáidtear gnáthaimh agus nósanna imeachta a bhfuil luas maith leo go comhleanúnach le meonta agus scileanna lárnacha a fhorbairt • Bíonn na leanaí gníomhach i roghnú agus in eagrú a gcuid imeachtaí foghlama agus forbartha • Féachtar ar am sneaice/am béile mar ócáid shóisialta agus mar dheis chun neamhspleáchas, caidreamh, folláine agus stíl bheatha shláintiúil a chothú. Tacaítear le páistí agus le leanaí óga ina n-aonar chun páirt a ghlacadh go hiomlán le linn na n-amanna seo • Pleanálann oideoirí timpeallachtaí atá socair suaimhneach do leanaí agus spreagann siad fiosracht, cruthaitheacht agus fionnachtain agus foghlaim spraíúil • Spreagann curaclam na luathfhoghlama an deis do chleachtais chúraim chun cumas páistí agus leanaí óga a gcuid riachtanas féinchúraim a bhainistiú a chur chun cinn agus a fheabhsú • Tugtar tacaíocht do na páistí agus leanaí óga le bheith muiníneach agus neamhspleách i mbainistiú a bhféinchabhair agus a bhféinchúram ar bhealach bríoch measúil • Cuirtear am agus spás ar fáil do na leanaí go léir, gan aird ar a n-aois nó ar chéim fhorbartha chun an timpeallacht laistigh agus lasmuigh a fhionnachtain, i gcuideachta oideoirí atá aireach agus airdeallach • Tacaíonn amanna aistrithe laistigh den suíomh le heispéiris dhearfacha foghlama do pháistí, déantar iad a bhainistiú go héifeachtach agus cothaíonn siad leanúnachas san fhoghlaim i rith an lae • Téitear i gcomhairle le leanaí agus le teaghlaigh agus tacaítear leo san aistrithe idir timpeallachtaí luathfhoghlama, le linn a gcuid ama sa suíomh. Déantar pleanáil chúramach do na haistrithe, ag cuimhneamh ar riachtanais an linbh aonair

[19] An Creat Cáilíochta don Oideachas Luathbhlianta

Réimse 2 - Cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus forbairt na bpáistí

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
2. Bíonn na caidrimh freagrúil, measúil agus cómhalartach	• Léiríonn oideoirí cion, mothú, cáiréis agus dearcadh dearfach i leith leanaí agus a dteaghlaigh. • Bíonn láíocht fhisiceach agus mhothúchánach ag páistí agus ag leanaí óga a léirítear trí chaidrimh atá measúil agus dearfach. • Cruthaíonn agus coimeádann an bhainistíocht, príomhoideoirí agus oideoirí luathbhlianta na coinníollacha atá riachtanach chun caidreamh a chothú le leanaí chun comhsheasmhacht an phríomhdhuine a chur san áireamh i gcomhréir leis an dea-chleachtas • Tacaíonn cur chuige an phríomhdhuine le comhsheasmhacht agus slándáil a fhorbairt i gcaidrimh páistí agus leanaí óga sa suíomh • Cothaíonn oideoirí luathbhlianta caidreamh comhbhách measúil idir leanaí. • Gníomhaíonn an príomhdhuine mar nasc tábhachtach idir teaghlaigh agus an suíomh • Bíonn tuismitheoirí feasach agus bíonn deiseanna bríocha rialta acu le caidrimh láidre dhearfacha a thógáil le príomhdhuine a linbh. • Bíonn léargas ag an oideoir ar theaghlach, ar chultúr agus ar spéiseanna an linbh • Bíonn tuismitheoirí agus teaghlaigh rannpháirteach go gníomhach sa phleanáil d'eispéiris luathfhoghlama a linbh. • Glacann tuismitheoirí agus teaghlaigh páirt i saol laethúil an tsuímh. • Déanann oideoirí luathbhlianta iompar dearfach a mhúnlú agus mar aon le treoir agus spreagadh a sholáthar chun iompar dearfach a chothú • Tugann oideoirí luathbhlianta tacaíocht do pháistí agus leanaí óga lena mothúcháin a rialú. Bíonn aitheantas agus aiseolas deimhneach ina ngnéithe rialta den fhreagairt ar leanaí.
3. Cothaítear tuiscint leanaí ar aitheantas agus ar mhuintearas	• Is léir go bhfuil meas agus aitheantas ar uathúlacht gach linbh. Glacann cleachtas cur chuige frithchlaonta, tá sé leanbhlárnach, measúil agus freagrúil ó thaobh cultúir de • Cuirtear deiseanna ar fáil do na leanaí uile tuiscint a fháil orthu féin mar dhaoine aonair agus mar bhaill dá dteaghlach agus dá bpobal • Bíonn deiseanna ag leanaí naisc shóisialta dhearfacha a dhéanamh le leanaí eile agus le hoideoirí luathbhlianta i rith an lae • Cuirtear deiseanna ar fáil a thugann páistí, leanaí óga, teaghlaigh agus oideoirí luathbhlianta le chéile sa suíomh • Aithnítear éagsúlacht agus dearbhaítear í i dtimpeallacht foghlama uileghabhálach • Tá teagmhálacha cruthaithe ag an suíomh le pobal an háite agus tá sé comhtháite sa phobal áitiúil • Bíonn deiseanna ag leanaí chun aithne a chur ar dhaoine agus ar áiteanna ina bpobal

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
4. Tá *Aistear: An Creat Curaclam Luath-óige* mar bhonn don soláthar	• Tá cur síos déanta ar churaclam a bhfuil bonn leathan aige, agus Aistear, An Creat Curaclam Luath-óige mar bhonn eolais aige, agus táthar á úsáid chun tacú le foghlaim agus le forbairt páistí agus leanaí óga • Bíonn oideoirí luathbhlianta sa suíomh páirteach i bhforbairt curaclaim atá ag teacht chun cinn agus atá bunaithe ar cheisteanna agus oideolaíocht choibhneasta a léiríonn eolas, tuiscint agus muinín maidir leis na pleananna seo a chur i bhfeidhm • Cuirtear spéiseanna, cúlraí cultúrtha, láidreachtaí, riachtanais agus réamheispéiris foghlama éagsúla páistí agus leanaí óga san áireamh le linn pleanála. Tá cur chuige pleanáilte ann maidir le scéimre, meonta, luachanna, dearcthaí, scileanna, eolas agus tuiscint leanaí a fhorbairt. • Bíonn taighde ábhartha ar fhoghlaim agus ar fhorbairt mar bhonn agus mar thaca ag cinntí maidir le pleanáil d'fhoghlaim leanaí. • Forbraíonn oideoirí luathbhlianta pleananna cúraim agus foghlama aonair do leanaí i gcomhar lena dteaghlaigh • Tá na pleananna solúbtha go leor le gur féidir freagairt do leasanna éiritheacha leanaí • Tacaíonn an phleanáil le heispéireas foghlama nasctha iomlánaíoch a sholáthar do leanaí trí úsáid a bhaint as modhanna measúnaithe chun foghlama chun dul chun cinn a gcéad chéimeanna eile san fhoghlaim agus san fhorbairt a chur chun cinn. • Eagraítear pleanáil do chur i bhfeidhm an churaclaim ar bhonn fadtéarmach, meántéarmach agus gearrthéarmach • Déantar monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm an churaclaim
5. Úsáidtear faisnéis faoi fhorbairt an linbh chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim	• Baintear úsáid as éagsúlacht de chuir chuige measúnaithe bríocha, bunaithe ar láidreachtaí chun eolas a bhailiú faoi eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha na bpáistí agus na leanaí óga agus chun leanúnachas agus dul chun cinn a chinntiú ina bhfoghlaim aonair. • Forbraíonn oideoirí luathbhlianta cuir chuige chun guthanna agus suimeanna leanaí óga a chur in iúl • Déanann oideoirí luathbhlianta eispéiris shuntasacha foghlama a dhoiciméadú le roinnt le teaghlaigh na bpáistí • Cuirtear tacaíocht chuí agus aiseolas foirmitheach ar fáil go rialta do leanaí chun a gcuid foghlama agus forbartha a leathnú • Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí go rialta agus cuirtear ar an eolas iad faoi fhoghlaim agus forbairt a bpáistí

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
6. Tá an soláthar d'fhoghlaim agus d'fhorbairt aonair leanaí ailínithe go dlúth lena spéiseanna agus lena gcumas forbartha	• Tógann an phleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí agus leanaí óga ar leideanna, spéiseanna, eispéiris roimhe seo agus éachtaí na leanaí • Socraíonn oideoirí luathbhlianta ionchais arda ach réalaíocha do gach leanbh sa suíomh • Tugtar dúshlán do pháistí agus leanaí óga agus foghlaimíonn siad straitéisí le haghaidh taiscéalaíochta gníomhacha, smaointeoireachta agus réasúnaíochta • Cuirtear deiseanna ar fáil do na páistí agus leanaí óga sásamh, rath agus máistreacht a bhaint amach le linn gníomhaíochtaí foghlama • Cuirtear ar chumas leanaí agus tacaítear leo chun naisc a dhéanamh ina gcuid foghlama agus a gcuid eolais agus scileanna a aistriú chuig cásanna foghlama nua • Spreagtar agus tugtar tacaíocht do leanaí freagairt go cruthaitheach agus iad ag gabháil don fhoghlaim • Faigheann leanaí amach bealaí éagsúla lena gcruthaitheacht agus a n-indibhidiúlacht a chur in iúl • Soláthraíonn gníomhaíochtaí foghlama eispéiris níos casta, níos éagsúla agus níos dúshlánaí do leanaí de réir a gcuid riachtanas agus cumais aonair
7. Éascaítear idirghníomhaíochtaí ar ardchaighdeán do leanaí	• Breathnaítear ar pháistí agus leanaí óga mar fhoghlaimeoirí inniúla agus muiníneacha • Aithnítear páistí agus leanaí óga mar ghníomhairí gníomhacha ina bhfoghlaim • Tugtar tacaíocht do leanaí agus spreagtar iad chun foghlaim le daoine eile agus in éineacht leo • Tá cothromaíocht chuí idir gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a thionscnaíonn daoine fásta agus a thionscnaíonn an leanbh • Tá aithne mhaith ag an oideoir luathbhlianta ar an leanbh agus freagraíonn sé/sí dá leideanna briathartha agus neamhbhriathartha, spéiseanna agus riachtanais fhoghlama aonair go híogair agus go cuí • Baineann oideoirí luathbhlianta tairbhe go rialta as deiseanna gnáthaimh chúraim amhail beathú buidéal agus athrú clúidíní chun gabháil do ghníomhaíochtaí aire comhroinnte (aird chomhpháirteach) le leanaí. Coinníonn oideoirí luathbhlianta cothromaíocht idir éisteacht agus labhairt • Síneann oideoirí luathbhlianta go gníomhach scileanna cumarsáide, smaointeoireacht agus foghlaim teanga leanaí le linn súgartha (smaoineamh comhroinnte marthanach) • Déanann oideoirí luathbhlianta an leanbh a spreagadh ina bhfoghlaim agus ina bhforbairt ar bhealach measúil agus comhbhách • Úsáideann oideoirí luathbhlianta raon straitéisí agus modheolaíochtaí idirghníomhaíochta cuí chun raon leathan eispéiris foghlama a éascú • Cuireann oideoirí luathbhlianta idirghníomhaíochtaí piaraí chun cinn i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga chun caidrimh thacúla a chothú

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
8. Tacaíonn na timpeallachtaí agus na hacmhainní le folláine, foghlaim agus forbairt leanaí	• Tá timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh coinnithe go maith, oiriúnach agus tarraingteach • Tá timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh struchtúrtha agus eagraithe d'aon ghnó chun fiosracht, cruthaitheacht, samhlaíocht agus fonn taiscéalaíochta leanaí a fhorbairt ag tacú le folláine shíceolaíoch agus fhisiciúil • Úsáidtear timpeallachtaí chun gluaiseacht na bpáistí agus na leanaí óga a chur chun cinn ag gach céim den fhorbairt • Úsáidtear timpeallachtaí agus acmhainní laistigh agus lasmuigh go héifeachtach chun foghlaim na leanaí a spreagadh, a thacú, a dhaingniú agus a leathnú • Cuirtear luach ar an timpeallacht foghlama lasmuigh agus cuirtear chun cinn í toisc go gcuireann sí comhthéacs saibhir ar fáil d'eispéiris foghlama na bpáistí agus na leanaí óga • Is minic a bhíonn rochtain ag páistí agus ag leanaí óga ar thimpeallachtaí foghlama lasmuigh. Tá acmhainní inrochtana, feiliúnach ó thaobh na forbartha de, agus soláthraíonn siad eispéiris foghlama ilchéadfach • Tá éagsúlacht d'acmhainní cuí litearthachta agus uimhearthachta/ matamaitice laistigh agus lasmuigh ag an suíomh, a úsáidtear go rialta agus go cuspóireach • Cuirtear idéanna agus gnóthachtálacha na leanaí ar taispeáint go cruthaitheach agus inrochtana ag leanaí agus ag tuismitheoirí • Déanann leanaí roghanna maidir lena rannpháirtíocht i dtimpeallachtaí, acmhainní agus gníomhaíochtaí • Spreagann an timpeallacht páistí agus leanaí óga chun cumas féinrialaithe agus athléimneachta a thógáil trí dheiseanna a chur ar fáil do ghlacadh rioscaí cuí • Tá an timpeallacht struchtúrtha chun a chinntiú go bhfoghlaimíonn leanaí i gcomhthéacsanna éagsúla i rith an lae
9. Bíonn an súgradh lárnach i bhfoghlaim agus i bhforbairt páistí agus leanaí óga	• Is é an súgradh an meán lárnach trína bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí agus leanaí óga laistigh den suíomh • Tá teacht ag leanaí ar raon eispéiris suimiúla a spreagann a gcuid foghlama agus forbartha, mar shampla, ciseáin taisce, saorghluaiseacht, páirteanna scaoilte agus súgradh heoraíoch • Sa súgradh bíonn oideoirí luathbhlianta i láthair, meabhrach agus freagrúil do pháistí agus do leanaí óga • Cothaítear am do shúgradh sínte, oscailte laistigh den suíomh • Bíonn deiseanna rialta ag na leanaí pleanáil dá n-eispéiris súgartha, labhairt fúthu agus smaoineamh orthu • Cuirtear deiseanna ar fáil do raon eispéiris súgartha, lena n-áirítear súgradh cruthaitheach, súgradh teanga, súgradh fisiceach, súgradh samhlaíoch, súgradh sochdhrámata agus súgradh tógála

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
9. Bíonn an súgradh lárnach i bhfoghlaim agus i bhforbairt páistí agus leanaí óga	• Tá deiseanna súgartha ar fáil go héasca, inrochtana, oiriúnach agus dea-acmhainní chun foghlaim a bhfuil cuspóir leo agus iniúchadh gníomhach a chothú. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le súgradh agus gluaiseacht spontáineach • Úsáidtear súgradh mar mheán do pháistí agus leanaí óga chun idirghníomhú a dhéanamh leis an domhan, é a fhiosrú agus ciall a bhaint as • Bíonn deiseanna ag páistí agus leanaí óga a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí súgartha ina n-aonar, le piaraí agus/nó le hoideoirí luathbhlianta • Éascaíonn an t-oideoir luathbhlianta súgradh go héifeachtach, agus glacann sé/sí páirt mar chomhpháirtí súgartha, nuair is cuí, chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí • Éascaíonn súgradh foghlaim a bhfuil cuspóir léi, léiriú cruthaitheach agus forbairt do gach leanbh de réir a gcuid riachtanas agus spéiseanna
10. Cothaítear scileanna éiritheacha sa teanga, sa litearthacht agus san uimhearthacht	• Múnlaíonn oideoirí luathbhlianta teanga chuí, lena n-áirítear teanga na matamaitice, agus spreagann siad úsáid leathnaithe stór focal trí cheistiú ceannoscailte agus saibhriú teanga le linn idirghníomhaíochtaí • Tacaíonn oideoirí luathbhlianta le páistí agus le leanaí óga dul i mbun cumarsáide déthreo, cómhalartach i rith an lae • Aithníonn oideoirí luathbhlianta an tábhacht a bhaineann le teanga chun tacú le forbairt mhothúchánach • Cinntíonn oideoirí luathbhlianta go bhfuil cothromaíocht oiriúnach idir labhairt agus éisteacht le linn idirghníomhaíochtaí • Spreagtar agus tacaítear le leanaí a gcuid tuairimí, mothúcháin agus smaointeoireachta a chur in iúl ar raon bealaí • Cuirtear luach ar theanga(cha) baile na leanaí agus dearbhaítear iad agus tá siad le feiceáil i dtimpeallacht atá saibhir i gcló • Baineann na leanaí taitneamh as rainn, gligíní, dánta agus amhráin éagsúla agus roinneann siad go rialta iad • Tá teacht ag leanaí ar leabhair ar ardchaighdeán a bhaineann lena spéiseanna agus lena n-áiteanna súgartha • Cuirtear deiseanna rialta ar fáil do na páistí éisteacht le scéalta agus iad a fhiosrú i gcuideachta oideora luathbhlianta atá ceanúil éirimiúil • Cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí dul i mbun marcála • Cothaítear smaointeoireacht agus foghlaim na matamaitice trí úsáid a bhaint as acmhainní agus cluichí oscailte, ceangailte le gnáthshaol leanaí • Bíonn deiseanna ag leanaí dul i ngleic le gníomhaíochtaí, laistigh agus lasmuigh, a chothaíonn meon dearfach luath i leith na heolaíochta, na hinnealtóireachta teicneolaíochta, na n-ealaíon agus na matamaitice (ETIEM) trí eispéiris phraiticiúla/gníomhacha

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
11. Foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht uileghabhálach	• Tá deiseanna cothroma ann chun gach leanbh a chur ag obair san fhoghlaim beag beann ar inscne, cumas, aois, eitneachas nó cúlra • Glactar le cur chuige cuimsitheach chun rannpháirtíocht gach linbh laistigh den suíomh a chinntiú • Faigheann leanaí taithí ar scéalta, ar amhráin, ar rannta agus ar shiombailí a gcultúr féin agus cultúir eile ar bhealach bríoch • Aithníonn agus déanann oideoirí luathbhlianta freastal ar éagsúlacht i stíl, luas agus fócas fhoghlaim agus fhorbairt leanaí agus a meon aonair • Dírítear aird ar leith ar fhoghlaim leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, leanaí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu, grúpaí mionlaigh, agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus/nó tráma • Cothaítear foghlaim agus forbairt na leanaí i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí • Tá naisc déanta ag an suíomh le gníomhaireachtaí seachtracha, nuair is cuí agus nuair is féidir, d'fhonn an tacaíocht is fearr a bhaint as leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu

Réimse 3 - Cáilíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
12. Léiríonn leanaí rannpháirtíocht agus taitneamh sa bhfoghlaim agus mothú dearfa folláine	• Léiríonn páistí agus leanaí óga taitneamh agus spraoi ina gcuid foghlama • Tá leanaí ag forbairt an chumais chun súgradh le chéile, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga • Bíonn leanaí spreagtha, suim acu agus gafa ina n-eispéiris foghlama • Is léir go gcloistear glórtha leanaí, lena n-áirítear leideanna ó bhéal agus neamhbhriathartha, go mbíonn meas orthu agus go ngníomhaítear orthu. • Léiríonn na páistí sásamh agus bíonn siad slán agus ar a suaimhneas laistigh den suíomh • Tacaíonn oideoirí luathbhlianta go héifeachtach le páistí agus le leanaí óga chun scileanna féinchabhrach a thógáil, roghanna a dhéanamh agus meonta foghlama dearfacha a fhorbairt, mar shampla athléimneacht, seiftiúlacht agus buanseasmhacht • Is minic a bhíonn roghanna ag páistí agus ag leanaí óga agus déanann siad cinntí faoina gcuid súgartha agus foghlama le linn gach gné dá ngnáthamh laethúil • Comhrialaíonn agus tacaíonn oideoirí luathbhlianta le páistí agus le leanaí óga chun foghlaim conas a gcuid mothúchán a rialú agus a ainmniú ar bhealaí a oireann dá gcéim forbartha • Dearbhaítear leanaí, cuirtear ar a gcompord agus tacaítear leo chun a gcuid mothúchán agus mothúcháin a bhainistiú ar bhealach a fheabhsaíonn a bhfolláine • Léiríonn leanaí cruthaitheacht agus braistint iontais agus fiosrachta nádúrtha • Léiríonn leanaí cumas forásach machnamh a dhéanamh, breithiúnais a úsáid agus cinntí a dhéanamh

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
13. Éiríonn le leanaí taithí a fháil ar ghnóthachtáil agus éiríonn leo forbairt trí mheán a n-eispéaras foghlama	• Faigheann páistí agus leanaí óga tacaíocht ó oideoirí luathbhlianta chun máistreacht agus rath a fháil le linn gníomhaíochtaí foghlama • Déanann na leanaí gnéithe dá gcuid foghlama a phlé nó a roinnt go rialta le daoine eile agus tugtar tacaíocht dóibh a gcumas agus a ngnóthachtálacha féin a aithint • Déanann oideoirí luathbhlianta idirghabháil ar fheasacht páistí agus leanaí óga ar a gcumais athraitheacha agus forásacha trí naisc a dhéanamh leis an am atá thart, san am i láthair agus leis an todhchaí • Léiríonn faisnéis doiciméadaithe faoi fhoghlaim leanaí a ngnóthachtálacha i raon eispéiris foghlama nasctha a oireann do chomhthéacs an luathoideachais • Léiríonn faisnéis doiciméadaithe faoi fhoghlaim leanaí a bhforbairt agus aird chuí á tabhairt ar a gcuid spéise aonair, riachtanais, cur chuige agus cúlra cultúrtha • Faigheann páistí agus leanaí óga tacaíocht ó oideoirí luathbhlianta chun a muinín agus a gcomhordú a mhéadú maidir lena scileanna ollluail agus mínluail • Tugtar tacaíocht do leanaí cumas méadaitheach a léiriú roghanna sláintiúla a dhéanamh maidir le cothú, aclaíocht agus gnáthaimh phearsanta
14. Tá féiniúlacht agus muintearas mar aon le scileanna pearsanta agus sóisialta á bhforbairt ag leanaí chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt	• Léiríonn páistí feasacht agus léirthuiscint ar a n-uathúlacht féin agus tuigeann siad cé hiad féin • Bíonn leanaí in ann a spéiseanna, a dtuairimí, a mothúcháin, a gcúlra teaghlaigh agus a n-eispéiris phearsanta a chur in iúl • Tá tuiscint dhearfach á forbairt ag leanaí ar a bhféiniúlacht féin mar fhoghlaimeoirí inniúla • Soláthraíonn oideoirí luathbhlianta deiseanna do leanaí tuiscint dhearfach a fhorbairt ar a bhféiniúlacht mar bhaill de theaghlaigh agus de ghrúpa • Faigheann páistí agus leanaí óga tacaíocht ó oideoirí luathbhlianta chun naisc a dhéanamh le daoine eile lena n-áirítear piaraí agus go háirithe siblíní • Tá feasacht ag leanaí ar a bpobal áitiúil agus ar róil daoine éagsúla laistigh den phobal sin • Léiríonn leanaí tuiscint agus meas ar fhéiniúlacht, ar chearta agus ar thuairimí daoine eile • Tá acmhainn éabhlóideach á forbairt ag leanaí maidir le féinrialú agus réiteach coinbhleachta • Tá scileanna pearsanta agus sóisialta á bhforbairt ag na leanaí a chuireann ar a gcumas freagairt go cuí do chásanna éagsúla. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo sealaíocht, comhoibriú, idirbheartaíocht, glacadh freagrachta agus tógáil caidrimh

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
15. Cuireann leanaí a n-eispéireas, a smaointe, a dtuairimí agus a gcuid mothúchán in iúl do dhaoine eile ar bhealaí éagsúla	• Freagraíonn oideoirí luathbhlianta don raon leathan de straitéisí cumarsáide briathartha agus neamhbhriathartha agus iompraíochtaí a úsáideann páistí agus leanaí óga; mar shampla ag caoineadh, ag cúngú, ag béiceach, ag teagmháil súl, ag gothaí, ag corpaireacht agus ag éisteacht • Úsáideann leanaí teanga chun eolas a thabhairt agus a fháil, eispéiris a léirmhíniú, ceisteanna a chur, iarratais a dhéanamh, diúltú, idirbheartaíocht a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, róil a shamhlú agus a athchruthú agus a gcuid smaointeoireachta, smaointe agus mothúcháin a shoiléiriú • Idirghníomhaíonn leanaí le leanaí eile agus le daoine fásta trí éisteacht, plé, ceistiú agus sealaíocht a ghlacadh i gcomhráite • Bíonn meas ag na leanaí ar a dteanga baile agus tuigeann siad conas is féidir teangacha éagsúla a úsáid le daoine éagsúla agus i gcásanna éagsúla • Cuireann leanaí a gcuid mothúchán, smaointe, smaointe agus cruthaitheachta in iúl trí scéalaíocht, súgradh salachair, súgradh céadfach, ealaín a dhéanamh, marcanna a dhéanamh, bogadh go ceol, rólghlacadh agus réiteach fadhbanna • Fiosraíonn leanaí fuaim, patrún, rithim agus athrá agus teanga go rialta trí chomhrá, amhráin, rímeanna agus gligíní i rith an lae • Léiríonn leanaí a gcuid smaointe agus mothúcháin trí mheáin éagsúla agus trí ghníomhaíochtaí súgartha • Tá guthanna leanaí le feiceáil laistigh den suíomh; e.g. doiciméadú ar a gcuid tuairimí ar a saothar ealaíne nó ina dtaifid foghlama • Léiríonn leanaí feasacht agus tuiscint éiritheach ar bhrí agus úsáidí siombailí, pictiúr, prionta agus uimhreacha mar mhodh cumarsáide • Tá tuiscint mhéadaithe ag leanaí ar bhrí agus ar úsáid teanga na matamaitice • Bíonn deiseanna ag leanaí nach í an teanga baile atá acu an teanga is mó a úsáidtear sa suíomh cumarsáid a dhéanamh agus iad féin a chur in iúl
16. Baineann leanaí ciall as a ndomhan trí idirghabháil le daoine eile agus lena dtimpeallacht trí shúgradh, fiosrú agus ceistiúchán	• Bíonn páistí agus leanaí fiosrach agus muiníneach agus iad ag iniúchadh agus ag smaoineamh faoina n-eispéiris foghlama • Bíonn leanaí feasach ar an dúlra agus ar ghnéithe, ábhair, ainmhithe agus plandaí • Bíonn a lán deiseanna ag páistí agus leanaí óga a bheith rannpháirteach in eispéiris shaibhre mhothúchánacha, laistigh agus lasmuigh • Glacann leanaí páirt ina dtimpeallacht, déanann siad iniúchadh agus baineann siad triail as rudaí sa timpeallacht, agus úsáideann siad a scileanna fisiciúla atá ag teacht chun cinn chun nithe agus ábhair éagsúla a láimhseáil • Úsáideann leanaí raon TFC / meán chun foghlama, chun eolas a fháil agus chun a dtuiscint ar an domhan a leathnú • Comhoibríonn leanaí le daoine eile chun spéiseanna agus smaointe a roinnt agus chun fadhbanna a réiteach • Déanann leanaí naisc agus comhcheangail idir foghlaim nua agus a bhfuil foghlamtha acu cheana agus bíonn deiseanna acu chun an fhoghlaim seo a dhaingniú • Léiríonn leanaí an cumas freagairt d'éagsúlacht ceisteanna 'N'fheadar cén fáth...' • Tá deiseanna ag leanaí oideachas don fhorbairt inbhuanaithe a thuiscint agus a fhiosrú go bríoch

Réimse 4 - Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannasaíochta don fhoghlaim

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo ...
17. Bíonn *Síolta, an Creat Náisiúnta Ardchaighdeáin don Oideachas Luath-Óige* mar bhonn eolais don phleanáil, don athbhreithniú agus don mheastóireacht	• Soláthraíonn an bhainistíocht agus ceannairí oideolaíochta maoirsiú agus tá freagracht orthu as an gclár fhoghlaim agus chúram na luath-óige de réir dea-chleachtais agus taighde • Déanann an bhainistíocht, ceannairí oideolaíochta, oideoirí luathbhlianta agus baill foirne eile machnamh agus athbhreithniú rialta ar a gcleachtas, a mbeartais agus a nósanna imeachta chun eispéiris foghlama agus torthaí do leanaí a fheabhsú • Cuirtear atbhreithniú inmheánach, féinmheastóireacht agus machnamh chun cinn go rialta trí úsáid a bhaint as *Síolta, an Chreatlach Cáilíochta Náisiúnta d'Oideachas na Luath-Óige* agus an *Treoir Chleachtais Aistear Síolta*. • Glactar le cleachtais mhachnamhacha chun tacú leis an bhfoghlaim ghairmiúil sa suíomh agus chun treoir a thabhairt do chleachtais phleanála, athbhreithnithe agus feabhsúcháin • Úsáidtear *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* go córasach i gcomhthéacs na féinmheastóireachta don duine aonair agus/nó don suíomh uile. • Tá éiteas na gairmiúlachta, na hoibre foirne, an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta le sonrú • Lorgaítear tuairimí na foirne, na dtuismitheoirí, na bainistíochta agus na leanaí go rialta le linn próisis féin-athbhreithnithe agus úsáidtear iad mar bhonn eolais do phleananna feabhsú cáilíochta • Baineann daoine aonair agus/nó suíomh iomlán leas as meantóireacht agus as tacaíochtaí comhairleacha seachtracha eile chun tacú lena bpróisis athbhreithnithe inmheánaigh agus feabhsaithe cáilíochta • Is léir go bhfuil foireann an tsuímh eolach ar fhorbairtí ábhartha taighde, polasaí agus cleachtais a théann i bhfeidhm ar cháilíocht a gcuid oibre le leanaí óga • Déantar torthaí an fhéinmheasúnaithe inmheánaigh a dhoiciméadú, a roinnt agus gníomhaítear orthu chun eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha na leanaí a fheabhsú
18. Déanann bainistíocht an tsuímh eispéiris foghlama agus forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí	• Tá an bhainistíocht agus ceannairí oideolaíochta freagrach as a chinntiú go bhfuil córais oiriúnacha i bhfeidhm chun eispéiris agus gníomhaíochtaí oideachais a eagrú go rianúil sa suíomh ag cinntiú go bhfuil na coinníollacha is gá chun caidreamh comhsheasmhach a chothú i bhfeidhm • Tá fealsúnacht agus fís luaite an tsuímh le sonrú i gcleachtas na foirne ar fad • Tá soiléireacht ann maidir le róil agus freagrachtaí na n-oideoirí luathbhlianta maidir le gníomhaíochtaí oideachais • Úsáideann an ceannaire/an bhainistíocht agus ceannairí oideolaíochta sa suíomh scileanna éagsúla na foirne go héifeachtach • Léiríonn an fhoireann smaointeachas, féinfheasacht agus machnamh i ngach gné dá gcleachtas • Soláthraíonn na ceannairí eiseamláir mhaith don fhoireann, cothaíonn siad ardchaighdeáin agus cuireann siad fís agus treo soiléir in iúl d'obair an tsuímh • Cuirtear deiseanna ar fáil do thacaíocht rialta agus do mhaoirseacht na foirne ar fad

Toradh	Comharthaí don Chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo ...
18. Déanann bainistíocht an tsuímh eispéiris foghlama agus forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí	• Cuirtear deis ar fáil do gach oideoir sa suíomh ról ceannaireachta a ghlacadh i gcur chun cinn na foghlama ar ardchaighdeán • Is léir go bhfuil cleachtas bunaithe ar theoiric fhianaise-bhunaithe agus go bhfuil an fhoireann eolach ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí • Bíonn oideoirí luathbhlianta ar an eolas faoi róil agus feidhmeanna gairmithe seachtracha agus seirbhísí tacaíochta agus conas rochtain a fháil ar na seirbhísí seo agus caidreamh a dhéanamh leo • Tá straitéisí éifeachtacha i bhfeidhm do mhachnamh gairmiúil agus do mheantóireacht, tacaíocht agus forbairt ghairmiúil leanúnach gach ball foirne sa suíomh
19. Cothaítear bealaí soiléire cumarsáide dhá threo idir an suíomh luathbhlianta, tuismitheoirí, teaghlaigh, páistí agus leanaí óga.	• Téitear i gcomhairle go réamhghníomhach le tuismitheoirí agus teaghlaigh mar phríomhoideoirí luathbhlianta a bpáistí agus leanaí óga agus bíonn siad páirteach mar chomhpháirtithe i bhfoghlaim agus i bhforbairt a bpáistí agus leanaí óga • Cuirtear tuismitheoirí agus teaghlaigh ar an eolas faoi na polasaithe, nósanna imeachta agus curaclam atá i bhfeidhm laistigh den suíomh agus áirítear iad mar phríomhpháirtithe leasmhara i bpróisis athbhreithnithe inmheánaigh • Roinneann an suíomh eolas béil agus doiciméadaithe go rialta ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtálacha leanaí le tuismitheoirí agus teaghlaigh i spiorad na hoscailteachta, na comh-mheas agus na trédhearcachta. • Tá deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ann le haghaidh malartú faisnéise dhá bhealach le tuismitheoirí agus teaghlaigh agus le daoine gairmiúla eile ar mhaithe le leas na bpáistí agus na leanaí óga • Bíonn meas ar ghuth an linbh agus a dteaghlach, agus cuirtear san áireamh é le linn próisis chinnteoireachta a théann i bhfeidhm ar an leanbh agus ar a dteaghlach • Tá straitéisí curtha i bhfeidhm ag oideoirí luathbhlianta chun cumarsáid a dhéanamh le gach tuismitheoir agus teaghlach a bhfuil Béarla/Gaeilge mar theanga bhreise acu
20. Déantar aistrithe chuig an suíomh, ón suíomh, agus laistigh den suíomh a bhainistiú go héifeachtach chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.	• Forbraíodh beartais, nósanna imeachta agus cleachtais chun bainistíocht íogair agus thacúil ar aistrithe do pháistí agus leanaí óga a chur chun cinn • Bailítear eolas ó thuismitheoirí, ó theaghlaigh, agus ó sheirbhísí seachtracha agus ó ghairmithe maidir le heispéiris roimh ré na leanaí agus iad ag aistriú isteach sa suíomh • Úsáidtear an t-eolas seo chun leanúnachas eispéiris agus dul chun cinn san fhoghlaim do pháistí agus leanaí óga a chinntiú • Tacaítear le páistí agus leanaí óga aistrithe réidhe a bheith acu trasna seomraí agus timpeallachtaí. Roinntear faisnéis idir baill foirne sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige chun leanúnachas eispéiris agus dul chun cinn i bhfoghlaim na leanaí a chinntiú • Tá caidreamh gairmiúil frithpháirteach bunaithe ag an suíomh leis an réamhscoil/bunscoil a bhfuil an leanbh ag aistriú uaithi/chuici chun eolas a roinnt a thacaíonn agus a chothaíonn; leanúnachas curaclaim, aitheantas d'eispéiris agus ghnóthachtálacha leanaí agus dul chun cinn i bhfoghlaim na leanaí

Aguisín 2: Samhail na Cigireachta Leantaí

Réamhrá

Is é cuspóir na Cigireachta Leantaí ná an dul chun cinn atá déanta ag suíomh fhoghlaim agus cúram na luath-óige ar chur i bhfeidhm príomh-mholtaí cigireachta a rinneadh roimhe a mheas, áit ar foilsíodh tuarascáil scríofa nó a eisíodh tuarascáil chuig an suíomh. Déantar é seo a éascú trí chaidreamh comhairliúcháin, comhghairmiúil idir an cigire agus bainistíocht, ceannairí, oideoirí agus foireann an tsuímh ábhartha. Tugann cigirí comhairle don suíomh freisin faoi straitéisí agus gníomhartha d'fhonn iad a chumasú chun dul i ngleic leis na moltaí go hiomlán. D'fhéadfaí cigireacht leantach a sceidealú in aon suíomh fhoghlaim agus cúram na luath-óige ina raibh cigireacht déanta cheana ar foilsíodh tuarascáil dá bharr.

Tugann Cigireachtaí Leantacha deis don suíomh fhoghlaim agus cúram na luath-óige an dul chun cinn atá déanta i bhfeabhsúchán cleachtais, i réimsí inar moladh gníomhartha i dtuarascálacha cigireachta roimhe sin, a léiriú. Pléann cigirí na feabhsúcháin leis an mbainistíocht agus ceannairí, le hoideoirí aonair agus le grúpaí oideoirí agus le daoine eile nuair is cuí.

Ag deireadh cigireachta leantaí, pléann cigirí a gcuid torthaí foriomlána leis an mbainistíocht ceannairí, oideoirí agus baill foirne eile, agus nuair is cuí, le hionadaí ó bhord bainistíochta/ coiste bainistíochta. Aithníonn siad an dul chun cinn atá déanta agus cuireann siad comhairle ar fáil ar ghníomhartha breise a theastaíonn chun a chinntiú go gcuirfear gach gníomh a moladh sa tuarascáil chigireachta i bhfeidhm go hiomlán. Cuireann na torthaí ó Chigireacht Leantach le heolas an tsuímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige féin agus iad i mbun athbhreithnithe inmheánaigh agus tionscnaimh um fheabhsú cáilíochta.

Fócas na Cigireachta

Díríonn cigireachtaí leantacha ar an leibhéal dul chun cinn atá déanta ag an suíomh fhoghlaim agus cúram na luath-óige maidir leis na sainghníomhartha a moladh i dtuarascáil chigireachta roimhe sin a chur i bhfeidhm, seachas soláthar ginearálta an oideachais sa suíomh fhoghlaim agus cúram na luath-óige. Léiríonn an contanam seo a leanas an teanga a bhíonn in úsáid nuair a bhítear ag tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta:

Gan dul chun cinn ar bith	Dul chun cinn i bpáirt	Dul chun cinn maith	Dul chun cinn an-mhaith

Sa chás inar foilsíodh an COL bunaidh, déantar an tuarascáil dheiridh agus freagairt an tsuímh a fhoilsiú freisin ar shuíomh gréasáin (www.gov.ie).[20]

Foilsiú na Tuarascála Cigireachta

Foilsítear an tuarascáil chríochnaithe agus freagairt an tsuímh ar leathanaigh na Roinne Oideachais agus Óige ar shuíomh gréasáin Rialtas na hÉireann www.gov.ie. Chun teacht ar thuarascáil Cigireacht Leantach (CL) ar aon suíomh fhoghlaim agus cúram na luath-óige féach Aguisín 5

[20] Tuarascálacha Cigireachta Oideachais Luathbhlianta

Forléargas ar ghníomhaireachta na cigireachta: Cigireacht Leantach

Roimh an gcuairt cigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	Go hiondúil, leanann an cigire na próisis chéanna agus a dhéantar le linn COL, lena n-áirítear na roghanna le haghaidh cruinnithe duine le duine nó cruinnithe réamhchigireachta agus iar-chigireacht ó chian. Cosúil le COL, déanann an cigire teagmháil leis na ceannairí bainistíochta agus oideolaíocha dhá lá oibre ar a laghad roimh an gcigireacht (Ar nós COL coimeádann Cigireacht ROÓ an ceart chun iniúchtaí gan réamhfhógra a dhéanamh). Lorgóidh an cigire faisnéis ábhartha a threoróidh an próiseas iniúchta. Ag brath ar mhéid an tsuímh, féadfar Foirm Teagmhála Suímh agus Foirm Faisnéise Suímh a sholáthar do na ceannairí bainistíochta agus oideolaíocha trí ríomhphost agus aontófar an spriocdháta le haghaidh fillte.
		Déantar socruithe d'aon chruinniú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil agus d'aon doiciméid ar mian leis an gcigire a fheiceáil.
Le linn cuairt chigireachta	Gníomhaíocht sa suíomh	Ullmhaíonn an bhainistíocht agus na ceannairí oideolaíochta aon doiciméid agus eagraíonn siad cruinnithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil
		Tugann an bhainistíocht agus na ceannairí oideolaíochta an Fhoirm Fhaisneise Suímh ar ais chuig an gcigire tuairiscithe laistigh den fhráma ama comhaontaithe
	Gníomhaíocht na Cigireachta	Ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den Chigireacht Leantach tá: • Cruinniú leis an mbainistíocht agus ceannairí oideolaíochta agus/nó ionadaí an bhoird/coiste bainistíochta • Cruinniú le hoideoirí /baill foirne ábhartha • Breathnú ar oideolaíocht agus ar fhoghlaim agus ar ghníomhaíochtaí ábhartha eile • Idirghníomhú le leanaí • Athbhreithniú ar dhoiciméid an tsuímh, ar thaifid agus ar fhianaise ar eispéiris agus gnóthachtálacha na bpáistí agus na leanaí óga • Athbhreithniú ar acmhainní agus áiseanna • Cruinniú aiseolais iarchigireachta leis an mbainistíocht agus ceannairí oideolaíochta
	Gníomhaíocht an tSuímh	Eisítear dréacht-tuarascáil don bhainistíocht agus do cheannairí oideolaíochta/duine ainmnithe eile le haghaidh dearbhú fíricí (cúig lá oibre) agus le haghaidh freagairt ón suíomh (deich lá oibre).
Tar éis na cuairte cigireachta	Gníomhaíocht na Cigireachta	Foilsiú na tuarascála cigireachta leantaí[21] ar leathanaigh na Roinne Oideachais agus Óige ar Gov.ie

[21] Tuarascálacha Cigireachta Oideachais Luathbhlianta

Aguisín 3: Foirm Teagmhála Suímh

Eolas teagmhála an tsuímh / Setting Contact Form

Please complete this form electronically and return it to the reporting inspector by email
Comhlánaigh an fhoirm seo go leictreonach le do thoil agus seol ar ais chuig an gcigire tuairisce í ar ríomhphost

Ainm an tSuímh/Setting Name	
Uimhir riaracháin TUSLA/ TUSLA registration number	
Uimhir RLMC/DCDE number	
Uimhir theileafóin/ Telephone number	

Owner/Manager Úinéir/Bainisteoir		R-phost/ Email	
Other contact person/ Duine teagmhála eile		R-phost/ Email	

Tábhachtach:

- Bainfear úsáid as na seoltaí ríomhphoist a thugtar anseo chun an tuairisc a eisiúint ar feadh na gcéimeanna fíoraithe fíorasacha, freagairt na suímh agus an fhoilsithe.
- Tá freagracht ar an suíomh as aon athruithe ar an Príomhúsáideoir Údaraithe (PAU) agus sonraí ábhartha eile a nuashonrú ar an Hive sula roinntear an t-eolas nuashonraithe leis an cigire. Seoltar tuarascálacha chuig an PAU atá liostaithe inár gcóras, bunaithe ar shonraí a fhaightear go míosúil ó Pobal/Hive.

Cinntigh le do thoil:

- go bhfuil a fhios ag úinéir an tseolta go bhfuil an seoladh ríomhphoist á úsáid chun na críche seo

Important:

- The email addresses provided here will be used to issue the report throughout the factual verification, setting response and publication stages.
- The setting is responsible for updating the Hive with any changes to the PAU and other relevant details before sharing the updated information with the inspector. Reports are sent to the PAU listed in our system, based on data received monthly from Pobal/ Hive.

Please ensure:

- that the owner of the address is aware that the email address is being used for this purpose

Cuir tic anseo le deimhniú go bhfuil na sonraí thuas cruinn.	☐	***Tick here to confirm that the details provided above are correct.***

Déanfar próiseáil ar na sonraí a bhaileofar le linn na meastóireachta seo i gcomhréir le Polasaí um Chosaint Sonraí na Roinne atá in-ioslódáilte ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/4fdf6-an-roinn-oideachais-fogra-priobhaideachta/

Tá sonraí breise ar conas a phróiseálann an Roinn Oideachais sonraí pearsanta ar fáil ar https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/cosaint-sonrai/#tredhearcacht

Scriosfar na sonraí teagmhála go léir trí bliana tar éis dáta foilsithe na tuarascála cigireachta.

All contact details gathered as part of the evaluation will be processed in accordance with the Department of Education and Youth Data Protection Policy which can be accessed at https://www.gov.ie/en/publication/d78f2-department-of-education-privacy-notice/

For further details on how the Department of Education and Youth processes personal data, please visit: https://www.gov.ie/en/organisation-information/data-protection/#transparency

All contact details will be deleted three years after the date of publication of the inspection report.

Aguisín 4: Foirm Faisnéise Suímh

An Roinn Oideachais agus Óige - An Chigireacht

An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Oideachas Luathbhlianta – Foirm Faisnéise Suímh (SIF)

Trína hobair chigireachta agus chomhairleach, tacaíonn Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige le feabhsú agus forbairt an tsoláthair oideachais i scoileanna agus i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige (FCLÓ). Agus cigireachtaí á ndéanamh, cuireann cigirí an comhthéacs ina bhfeidhmíonn suíomhanna san áireamh. Chun cabhrú linn an comhthéacs ina bhfeidhmíonn do shuíomh a thuiscint, iarrtar ort an Fhoirm Faisnéise Suímh seo a líonadh isteach.

Beidh na freagraí a thabharfaidh tú an-luachmhar don mheastóireacht ar an soláthar fhoghlaim agus chúram na luath-óige i do shuíomh agus cabhróidh siad le treoir a thabhairt don chomhphlé gairmiúil leis an gcigire (na cigirí) le linn na cigireachta. Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais chuig an gcigire tuairiscithe, le do thoil. Coinnigh cóip den fhoirm seo le do thoil le plé leis an gcigire (na cigirí) le linn na cigireachta.

FÓGRA PRÍOBHÁIDEACHAIS maidir le Tuairisceáin ar Fhoirmeacha Faisnéise Suíomhanna Luathbhlianta (SIF).

Is é an soláthraí suímh fhoghlaim agus chúram na luath-óige an bunrialaitheoir sonraí le haghaidh sonraí amchláir agus faisnéis faoi cháilíochtaí foirne atá san áireamh sna Tuairisceáin SIF, féach Aguisín A. Iarrann Cigireacht Oideachais Luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Óige go dtabharfadh soláthraí sonraí faoina dtráthchlár agus faoi cháilíochtaí na foirne san SIF.

- Is í an Roinn Oideachais agus Óige an rialtóir sonraí don fhaisnéis SIF nuair a fhaightear iad. Laistigh den Roinn, gníomhaíonn an Chigireacht mar an rialtóir sonraí sannta do Thuairisceáin SIF. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Rannóg Luathbhlianta na Cigireachta trí ríomhphost chuig reports_inspectorate@education.gov.ie nó ar an teileafón chuig 018892407.
- Is iad sonraí teagmhála an Oifigigh um Chosaint Sonraí don Roinn Oideachais agus Óige ná r-phoist chuig dpo@education.gov.ie nó tríd an bpost chuig an add agus Óige Roinn Oideachais, An tAonad um Chosaint Sonraí, Baile Átha Luain, Co. na hlarmhí, N35 X659.
- Is é cuspóir an SIF ná pleanáil Cigireachtaí Oideachais Luathbhlianta sa suíomh a éascú. Úsáideann an Cigire Tuairiscithe an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san SIF i bpleanáil agus im amchlárú na cigireachta agus ní nochtann sé/sí ach na sonraí ábhartha maidir le soláthraí, féach Aguisín A, don Chigire/na Cigirí ar leith atá ag déanamh cigireacht ar an soláthraí sin. NÍ nochtar ábhar an SIF d'aon eagraíocht eile.
- Coinnítear an SIF de réir Aguisín A. Beidh a choinneáil tar éis na tréimhse sonraithe faoi réir athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

- Lean an nasc https://www.gov.ie/en/organisation-information/20f6e1-protectingpersonal-data-in-the-department-of-education-and-skills/ chun faisnéis a fháil faoi do cheart rochtain a fháil ar do shonraí. Is féidir leat freisin do cheart a fheidhmiú chun do shonraí a cheartú, féachaint le srian a chur ar an gcaoi ar féidir iad a phróiseáil nó cur i gcoinne conas is féidir iad a phróiseáil. Ní úsáidfear do shonraí le haghaidh cinnteoireachta nó próifílithe uathoibrithe, féach le do thoil https://www.dataprotection.ie/ga/individuals/rights-individuals-under-general-dataprotection-regulation le haghaidh Treoir an Choimisinéara Cosanta Sonraí faoi Chearta Ábhair Sonraí.
- Tá sé de cheart ag an duine a bpróiseáiltear a gcuid sonraí pearsanta gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí má tá imní orthu go bhféadfadh sé seo a bheith ag sárú na reachtaíochta um chosaint sonraí. Féach le do thoil http://www.dataprotection.ie
- Is é an bunús dlí chun na sonraí a bhailiú ná Airteagal 6(1)(e) den RGCS a bhfuil Alt 13 den Acht Oideachais mar bhonn leis

Cuid 1: Faisnéis ghinearálta maidir le do shuíomh

Comhlánaigh, le do thoil.

Ainm an tsuímh	
Uimhir TUSLA	
Uimhir RLMC	

Struchtúr bainistíochta *(cuir tic mar is cuí)*	☐ Suíomh príobháideach	☐ Suíomh pobail	☐ Cuid de shraith
	☐ Eile - Sonraigh		
Úinéir/Bainisteoir		**R-phost**	
Cathaoirleach/ Stiúrthóir an Chomhlachta Bainistíochta		**R-phost**	
Ionadaí na dTuismitheoirí *(má bhaineann)*		**R-phost**	
Pearsanra ábhartha eile i.e. Bainisteoir oibriúcháin, Leas-bhainisteoir, Comhordaitheoir curaclaim		**R-phost**	
Príomtheanga an tsuímh *(cuir tic)*	☐ Trí mheán an Bhéarla	☐ Trí mheán na Gaeilge	☐ Dátheangach (Béarla agus Gaeilge)
	☐ Eile - Sonraigh		

Uaireanta oscailte an tsuímh	
Líon na seomraí foghlama	
Líon iomlán na n-oideoirí luathbhlianta	

Greamaigh coíp den ghnáthamh laethúil do gach ceann de na seomraí sa liosta

Grúpaí/ seomraí	Amanna AM/PM	Ainmneacha na n-Oideoirí Luathbhlianta Sonraigh an príomhoideoir	Cáilíochtaí/Leibhéal an Oideora e.g. Leibhéal 5 ECEC, Leibhéal 8 BA Oideachas Luath-óige	Líon na leanaí cláraithe	Raon aoise
1					
2					
3					
4					

Grúpaí/ seomraí	Amanna AM/PM	Ainmneacha na n-Oideoirí Luathbhlianta Sonraigh an príomhoideoir	Cáilíochtaí/Leibhéal an Oideora e.g. Leibhéal 5 ECEC, Leibhéal 8 BA Oideachas Luath-óige	Líon na leanaí cláraithe	Raon aoise
5					
6					
7					
8					

(Cuir línte breise isteach más gá)

Cuid 2: Soláthar oideachais sa suíomh

Tosca thábhachtacha comhthéacs a bhaineann le do shuíomh (Mar shampla, cé chomh fada atá sé bunaithe, cur chuige curaclaim nó oideolaíocht, fís nó misean an tsuímh)
(Leathnaítear an bosca de réir mar is gá)

An bhfuil leanaí ag freastal ar an suíomh a bhfuil leithdháileadh tacaíochta faighte acu ón FSS nó tríd an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM)? Más ea, cé mhéad? *(Ná cuir isteach ainmneacha leanaí)*

An bhfuil leanaí ag freastal ar an suíomh a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu? Más ea, cé mhéad? Cad iad na príomhtheangacha? *(Ná cuir isteach ainmneacha leanaí)*

Inis dúinn le do thoil faoi aon ghné de do shuíomh ar mian leat a aibhsiú mar láidreacht nó mar réimse feabhsúcháin faoi láthair
(Leathnaítear an bosca de réir mar is gá)

Aon fhaisnéis ábhartha bhreise is mian leat a chur faoi bhráid na Cigireachta a cheapann tú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chigireacht (Mar shampla, má tá nasc agat chuig faisnéis ar líne faoin suíomh ar nós suíomh gréasáin, cuir isteach an nasc anseo le do thoil)
(Leathnaítear an bosca de réir mar is gá)

Go raibh maith agat as an fhoirm seo a chomhlánú.	
*An dtoilíonn tú go n-úsáidfí an fhaisnéis san fhoirm seo chun na críocha atá leagtha amach in **Aguisín A**?*	
Ar cuireadh an fhaisnéis a tugadh maidir le gach duine ainmnithe ar a (h)aird sular cuireadh an fhoirm seo faoi bhráid Chigireacht Oideachais Luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Óige?	
Ainm an duine a chomhlánaigh an fhoirm seo	
Ról sa suíomh	
Dáta	

Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a chur ar ais chuig an gcigire tuairiscithe:

Aguisín A – Liosta de na míreanna sonraí a chuimsítear i dTuairisceán na Foirme Faisnéise Suímh Fhoghlaim agus chúram na luath-óige (Tuairisceán SIF) a chuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Óige ar iarratas.

Mír sonraí	Cuspóir	An roinneann an Chigireacht Luathbhlianta í le Cigire/Cigirí?	Tréimhse coinneála	Nóta tráchta
Uimhir, thagartha an tsoláthraí	Chun soláthraí cláraithe an tsuímh luathbhlianta a shainaithint go huathúil	Is ea	Coinnithe ar feadh 18 mí agus faoi réir athbhreithnithe ina dhiaidh sin	*Féadfar é a choinneáil níos faide má tá cigireacht fós ar siúl*
Ainm an tsoláthraí	Chun an soláthraí a shainaithint	Is ea	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Ainm an úinéara/ bhainisteora	Chun úinéir/bainisteoir a shainaithint	Is ea	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Ainm chathaoirleach/ stiúrthóir an chomhlachta bainistíochta	Chun cathaoirleach/ stiúrthóir an chomhlachta bainistíochta a shainaithint	Is ea	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Ainm ionadaí na dtuismitheoirí	Chun ionadaí na dtuismitheoirí a shainaithint	Is ea	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Liosta de na baill foirne de réir ainm lena n-áirítear ainm an úinéara i gcás ina bhfuil baint acu leis an suíomh luathoideachais a sholáthar	Chun ball foirne/úinéir a bhaineann le suíomh agus/nó seomra suímh suí nó limistéar foghlama a shainaithint	Is ea	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Cáilíochtaí oideachais an bhall foirne/ úinéara a sholáthraíonn suíomh luathoideachais	Chun an comhthéacs gairmiúil do sheachadadh an Chláir a shainaithint	Is ea	Mar atá thuas	*Mar atá thuas*
Seisiún suímh (arís agus arís eile de réir líon na seisiún)	Chun an t-am a leithdháiltear ar sheisiúin a shainaithint	Is ea	Mar atá thuas	Mar atá thuas
Ball foirne sannta chuig seisiún/ seomra (arís agus arís eile)	Chun cuidiú le cigireachtaí a phleanáil	Is ea	Mar atá thuas	Mar atá thuas

Aguisín 5: Treoir céim ar chéim d'fhoilsiú na dtuarascálacha cigireachta

Céim 1 - Ullmhú na Tuarascála Cigireachta

Ullmhaítear tuarascáil na cigireachta nuair a bhíonn obair na cigireachta i suíomh oideachais luathbhlianta thart. De ghnáth, críochnaíonn an obair mheastóireachta le haiseolas ó bhéal ar na cinntí agus na gníomhartha molta mar thoradh ar an gcigireacht. Is féidir an t-aiseolas sin a sholáthar d'oideoirí agus baill foirne eile sa suíomh, agus/nó don bhainistíocht agus ceannairí oideolaíochta, agus/nó d'ionadaithe ón mbord/gcoiste bainistíochta.

Déanann an Chigireacht an dréacht-tuarascáil cigireachta a chríochnú ansin. Cuirtear an dréacht-tuarascáil faoi bhráid ghnáthmheicníochtaí na Cigireachta do dhearbhú cáilíochta.

Céim 2 - Dréacht-tuarascáil na cigireachta eisithe le haghaidh dearbhú fíricí (DF)

Cuireann Rúnaíocht na Cigireachta cóip den dréacht-tuarascáil, mar aon leis an bhfoirm um dhearbhú fírice (DF) (féach leathanach 61) chuig seoladh r-phoist an teagmhálaí ainmnithe mar a aontaíodh leis an suíomh luathbhlianta agus cúraim le linn na cigireachta.

Tugtar cuireadh don teagmhálaí ainmnithe aird na Cigireachta a dhíriú ar aon earráidí fírice i dtuarascáil na cigireachta, ag baint úsáid as an bhFoirm um Dhearbhú Fírice. Cuirtear an fhoirm ar ais chuig Rúnaíocht na Cigireachta laistigh de chúig lá oibre ó dháta eisithe na tuarascála.

Cuirtear na fhoirm um dhearbhú fírice, nuair a thagann sí ar ais ón teagmhálaí ainmnithe chuig Rúnaíocht na Cigireachta, ar aghaidh chuig an gcigire tuairiscithe agus chuig an bpríomhchigire cúnta cuí. Má tharraingítear aird na Cigireachta ar aon earráidí fíorasacha, féadfar leasú a dhéanamh ar an tuarascáil mar is gá, faoi cheann cúig lá oibre de ghnáth.

Mura bhfaightear freagairt i dtaca leis an dearbhú fíricí faoi cheann cúig lá oibre ó dháta eisiúna na tuarascála glactar leis go bhfuil an suíomh sásta go bhfuil an tuarascáil cruinn. Ullmhaítear an tuarascáil ansin le heisiúint chuig an suíomh le haghaidh freagairt an tsuímh (FS).

Céim 3 - Freagairt an tSuímh (FS)

Is é an cuspóir a bhaineann le freagairt an tsuímh ná

- deis a thabhairt do bhainistíocht/d'fhoireann an tsuímh freagairt do, agus tuairimí a léiriú ar ábhar na tuarascála cigireachta
- deis a thabhairt do bhainistíocht/d'fhoireann an tsuímh cur síos a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích nó a bheidh á gcur i gcrích ag an suíomh chun dul i ngleic le gach ceann de na gníomhartha atá molta sa tuarascáil i gcomhthéacs a bpleananna don mheastóireacht inmheánach, pleanáil, agus feabhsúchán i gcáilíocht a soláthair agus cleachtais.

Má roghnaíonn suíomh freagairt suímh a sholáthar don Chigireacht, déantar an fhreagairt a chomhlánú ag baint úsáid as an bhfoirm pro-forma Foirm don Fhreagairt ar Thuarascáil Chigireachta (féach lch 62).

Céim 4 - Eisítear an tuarascáil chigireachta dheiridh chuig an suíomh luathbhlianta

Seolfaidh Rúnaíocht na Cigireachta cóip den tuarascáil dheiridh, trí ríomhphost, chuig an teagmhálaí ainmnithe. Nuair a fhaightear an tuarascáil chigireachta, moltar cóip den tuarascáil a roinnt leis an bhfoireann agus bainistíocht uile sa suíomh a bhí páirteach i/nó a bhí bainteach ar bhealach eile leis an gcigireacht: Moltar freisin an tuarascáil a roinnt leis na tuismitheoirí.

Freagairt an tSuímh: Na Roghanna atá ar fáil

Is féidir gníomhú de réir aon cheann acu seo a leanas nuair a eisítear an tuarascáil dheiridh chuig an teagmhálaí ainmnithe do fhreagairt an tsuímh:

ROGHA A:

Is féidir leis an suíomh luathbhlianta agus cúraim glacadh leis an tuarascáil gan tuairim a léiriú agus a leithéid a chur in iúl ar an bhfoirm pro-forma do fhreagairt na cigireachta laistigh de dheich lá oibre ó dháta eisithe na tuarascála cigireachta.

ROGHA B:

Is féidir leis an suíomh luathbhlianta agus cúraim freagairt go foirmiúil do na cinntí agus na gníomhartha a mholtar sa tuarascáil trí úsáid a bhaint as an bhfoirm pro-forma Foirm Freagartha ar Thuarascála Cigireachta. Ní foláir é sin a dhéanamh faoi cheann deich lá oibre ó dháta eisiúna na tuarascála cigireachta. De ghnáth, má bhaineann an bord bainistíochta nó an coiste úsáid as an rogha sin, áirítear an fhreagairt shuímh mar aguisín leis an tuarascáil fhoilsithe.

ROGHA C:

Is féidir leis an suíomh luathbhlianta agus cúraim athbhreithniú foirmiúil a éilimh ar an gcigireacht faoin *Nós Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais, 1998*.

Mar threoir mholta, is é an fad iomlán do fhreagairt an tsuímh ná thart ar 500 focal. Bainfidh ceangailtí áirithe a rialaíonn ábhar na tuarascála cigireachta le freagairt na suíomhanna freisin. Mar shampla, ní féidir aitheantas daoine ar nós oideoirí luathbhlianta, leanaí, baill an bhoird bainistíochta agus cigirí a nochtadh i bhfreagairt an tsuímh. Deis is ea freagairt an tsuímh don suíomh tagairt d'ábhar na tuarascála agus díriú ar na gníomhartha leantacha atá beartaithe (nó atá tarlaithe cheana féin) i ndiaidh na cigireachta. Ní cheadaítear barúlacha maidir le próiseas na cigireachta a chur san áireamh i bhfreagairt an tsuímh. (Má tá ábhar imní ag an suíomh faoin tslí ina ndearnadh an chigireacht, ba chóir úsáid a bhaint as an Nós Imeachta don Athbhreithniú, chun aird na Cigireachta a dhíriú ar an ábhar imní). Moltar freisin an tuarascáil le freagairt an tsuímh a roinnt leis na tuismitheoirí.

Lasmuigh de chúinsí eisceachtúla, déanfar freagairt iomlán an tsuímh a fhoilsiú, seachas síniú na bainistíochta agus/nó an cheannaire (na gceannairí) oideolaíochta, ag an am céanna agus sa bhformáid chéanna le tuarascáil na cigireachta. Má tharlaíonn, ar aon chúis eisceachtúil, go socraíonn Cigireacht ROÓ gan freagairt an tsuímh a fhoilsiú, cuirfidh an Chigireacht an cinneadh in iúl don suíomh agus an chúis nó na cúiseanna a bhaineann leis sin.

Céim 5 – Foilsiú

Má bhíonn an suíomh tar éis rogha A nó rogha B mar atá thuas a ghlacadh, foilseoidh an Chigireacht an tuarascáil chigireachta. De ghnáth, tarlaíonn an foilsiú laistigh de dheich lá oibre ón uair a fhaightear an Fhoirm um Fhreagairt an tSuímh, comhlánaithe ag an suíomh.

Má bhíonn an suíomh tar éis athbhreithniú ar an gcigireacht nó ar an tuarascáil chigireachta (nó an dá cheann) a éileamh, cloíonn an Chigireacht leis an Nós Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13 (9) den Acht Oideachais, 1998. Ní fhoilseofar tuarascáil na cigireachta go dtí go mbíonn deireadh leis an athbhreithniú agus, más cuí, go dtí go bpléitear le haon mholtaí a eascraíonn ón athbhreithniú. Nuair a bhíonn an próiseas seo críochnaithe leanfar le foilsiú na tuarascála deiridh de réir rogha A nó B thuas.

Foilsíonn an Chigireacht an tuarascáil chigireachta agus freagairt an tsuímh (más ábhartha) ar www.gov.ie. Más rud é nach raibh an chéad tuarascáil chigireachta faoi réir foilsithe, cuirtear an Tuarascáil DF chuig an suíomh ach ní fhoilsítear í.

Ní fhaightear freagairt

Mura mbeidh freagairt faighte ón teagmhálaí/ó na teagmhálaithe ainmnithe don suíomh, agus mura mbeidh rogha C úsáidte laistigh den tréimhse ama atá ceadaithe (deich lá oibre ó dháta eisithe na tuarascála go dtí an suíomh), glacfar leis nach ann do fhreagairt, agus déanfaidh an Chigireacht an tuarascáil a fhoilsiú laistigh de chúig lá oibre eile.

Foirm um Dhearbhú Fíricí ar Thuarascáil Chigireachta (DF)

Ainm an tSuímh:	
Seoladh an tSuímh	
Cláruimhir TUSLA / Uimhir aitheantais RLMC an tsuímh (tabhair gach ceann a bhaineann le do shuíomh le do thoil)	
Ríomhsheoladh an tSuímh	
Cineál Cigireachta	Cigireacht Oideachais Luath-óige (COL) nó Cigireacht Leantach
Dáta eisiúna na Tuarascála Cigireachta	
Úsáid Oifige	

Míchruinnis fhíorasacha sa tuarascáil

Bain úsáid as an spás thíos le do thoil chun aird na Cigireachta a dhíriú ar aon mhíchruinneas fíricí a chreideann tú atá sa dréacht-tuarascáil cigireachta a eisíodh chuig do shuíomh. Mar rogha eile, cuir na sonraí ar fáil ar an mbileog a ghabhann leis seo.

Leathanach	Míchruinnis

Ní mór an fhoirm seo a shíniú agus a chur ar ais chuig eyeireports@education.gov.ie laistigh de chúig lá oibre de dháta eisiúna na dréacht-tuarascáil chuig an suíomh luathoideachais (i.e. cuir isteach an dáta anseo).

Síniú	
Priontáil ainm:	
Síniú:	
Ról sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige:	
Dáta:	

Seoladh Fillte:

Is féidir foirmeacha comhlánaithe a scanadh agus a chur chuig: eyeireports@education gov.ie

Nó a phostáil chuig:

Tuarascálacha EYEI/COL, Roinne Oideachais agus Óige, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01 RC96

Foirm um Fhreagairt an tSuímh (FS) ar Thuarascáil Cigireachta

Ainm an tSuímh:	
Seoladh an tSuímh:	
Uimhir Chláraithe TUSLA / Uimhir Aitheantais RLMC (tabhair gach ceann a bhaineann le do shuíomh le do thoil)	
Cineál na Cigireachta:	Cigireacht Oideachais Luath-óige (COL) nó Cigireacht Leantach
Dáta eisithe na tuarascála do FS:	
Úsáid Oifige	

Roghnaigh A, nó B, nó C

ROGHA A	Glacaim / glacaimid leis an tuarascáil mar thuarascáil dheiridh na cigireachta agus ní mian liom/linn freagairt go foirmiúil don tuarascáil
ROGHA B	Glacaim / glacaimid leis an tuarascáil mar thuarascáil dheiridh na cigireachta agus is mian liom/linn freagairt go foirmiúil don tuarascáil. Aontaím /aontaímid go ndéanfar an fhreagairt a cheangal mar aguisín leis an tuarascáil. Tá an fhreagairt curtha faoi bhráid thíos.
ROGHA C	Ní ghlacaim / ghlacaimid leis an tuarascáil mar thuarascáil dheiridh na cigireachta agus is mian liom/linn iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar an gcigireacht de réir nósanna imeachta foilsithe na Roinne Oideachais agus Óige. Beidh/Tá iarratas scríofa d'athbhreithniú curtha isteach chuig Oifig an Phríomhchigire.

Freagairt an tSuímh: Cuid A

Déan tagairt don ábhar sa tuarascáil chigireachta (thart ar 100-150 focal) agus tabhair aird nach féidir tuairimí a léiriú i bhfreagairt an tsuímh faoi phróiseas na cigireachta - féach Céim 4, Aguisín 4

[Thart ar 100-150 focal]

Freagairt an tSuímh: Cuid B

Léirigh, le do thoil, na gníomhartha atá déanta ag an suíomh luathbhlianta nó a bhfuil sé beartaithe aige a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na gníomhartha a mholtar sa tuarascáil (thart ar 350 - 400 focal)

[Thart ar 350-400 focal]

Ní mór an fhoirm seo a shíniú agus a chur ar ais chuig eyeireports@education.gov.ie laistigh de dheich lá ó dháta eisiúna na tuarascála deiridh chuig an suíomh luathoideachais (i.e. cuir isteach an dáta anseo).

Síniú	
Priontáil ainm:	
Síniú:	
Ról sa suíomh fhoghlaim agus chúram na luath-óige:	
Dáta:	

Seoladh fillte:

Is féidir foirmeacha comhlánaithe a scanadh agus a chur le r-phost chuig: eyeireports@education.gov.ie

Nó a chur sa phost chuig:

Tuarascálacha EYEI/COL, An Roinn Oideachais agus Óige, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01 RC96